INCLUDE

Clár do scoileanna agus do chlubanna leis an
Néara-éagsúlacht a chothú agus a chur chun cinn

AS GAEILGE

Do scoileanna agus do chlubanna le páistí
san aoisghrúpa 5 - 12 bliain d'aois (nó thart air sin)

le **hEvaleen Whelton** agus le **hOrla Barry**

Siobhán Uí Dhálaigh agus Peadar mac Muiris a d'aistrigh

AUsome Training – Inspiring Change

Konfident KIDZ

Konnect Program for School Inclusion

INCLUDE

Clár do scoileanna agus do chlubanna leis an
Néara-éagsúlacht a chothú agus a chur chun cinn

You can find other helpful books and courses for schools and pupils
on our websites: **www.konfidentkidz.ie**
and: **www.ausometraining.com**

Copyright © Evaleen Whelton and Orla Barry 2022

Evaleen Whelton and Orla Barry have asserted their right
to be identified as the authors of this book.

This book is sold subject to the condition that it
shall not, by way of trade or otherwise, be lent, resold, hired out,
or otherwise circulated without the author's prior consent in any
form of binding or cover other than that in which it is published and
without a similar condition, including this condition, being
imposed on the subsequent purchaser.

Cover illustration: Maria Creagh.

Design, layout and printing by
Horgan Communications, Cork, Ireland.

INCLUDE

le hEVALEEN WHELTON agus le hORLA BARRY

Siobhán Uí Dhálaigh agus Peadar mac Muiris a d'aistrigh

Konfident KIDZ

AUsome Inspiring Change Training

DEDICATION

This book is dedicated to Neurodivergent pupils everywhere.

We hear you, we see you and we are here to support you.

Clár

Intreoir don éascaitheoir 1
Cad is eileachadh ann? 1
Cé sinne? 3
Cuspóirí an chláir 4
Ionchais an chláir 5

Sula dtosaíonn tú 6
Cad is Néara-éagsúlacht ann? 6
An tábhacht a bhaineann le rochtain 8

Clár do dhaltaí 5 – 7 bliain 11
Intreoir 11
Seachtain 1: Gach rud fúm féin 13
Seachtain 2: An Néara-éagsúlacht a thabhairt isteach 15
Seachtain 3: Ár gCéadfaí 19
Seachtain 4: Ag cumarsáideadh lenár gcorp 22
Seachtain 5: Ag foghlaim ar bhealaí éagsúla 24
Seachtain 6: Bímid ar fad ag cumarsáideadh ar bhealaí éagsúla 27
Seachtain 7: Ag fágáil daoine ar lár 29
Seachtain 8: Iniúchadh ar an ionchuimsiú fríd an drámaíocht 34
Seachtain 9: Obair chomhoibritheach agus réiteach coimhlinte 36
Seachtain 10: Ag tarraingt gach rud le chéile 38

Clár do dhaltaí 8 – 12 bliain 40
Intreoir 40
Seachtain 1: An Néara-éagsúlacht a thabhairt isteach: Ag braith agus ag smaoineamh 40
Seachtain 2: An Néara-éagsúlacht a thabhairt isteach: Cumarsáid a dhéanamh 44
Seachtain 3: Mionlaigh agus Mórlaigh 47
Seachtain 4: Taiscáileadh a dhéanamh ar eispéaras na Néara-éagsúlachta 49
Seachtain 5: An fhoghlaim fríd an drámaíocht a atreisiú 58
Seachtain 6: Ag fágaíl daoine ar lár 59
Seachtain 7: An tábhacht a bhainann le daoine eile a chuimsiú 61
Seachtain 8: Peirspictíochtaí a thuiscint 63
Seachtain 9: Mé féin a chuimsiú 65
Seachtain 10:An t-ionchuimsiú i dtimpeallacht na foghlamtha 67

Smaointe don todhcaí 68
Áiseanna molta 70
Foirm aiseolais 71

Visit **www.konfidentkidz.ie** to find out more about
our Konnect Social Program for Autistic kids
and their families.

Intreoir don Éascaitheoir

Haigh agus fáilte chuig INCLUDE! Is clár é INCLUDE a dearadh do scoileanna agus do chlubanna leis an Néara-éagsúlacht a mhíniú agus a iniúchadh agus glacadh leis.

Tá an Néara-éagsúlacht i ngach scoil agus i ngach club ar fud an domhain. Ach faraor, is annamh a luaitear í. Don chuid is mó is ábhar geise é agus mar sin de, fulaingíonn siad a mbíonn an t-eispéireas sin acu. Fulaingíonn siad eisiamh agus cos ar bholg. Is eisiamh agus cos ar bholg is cúis leis an fhulaingt seo agus leis seo tagann féin-urraim íseal orthu agus mothú briste futhu féin. Is iomaí uair a mhothaíonn siad gan mhaith gan luach ar an chás is measa agus ar an chás is fearr mothaíonn siad nach dtuigtear i gceart iad. Scríobh muid an clár seo leis an coincheap a tabhairt amach as na scáthanna agus ceiliúradh a dhéanamh air i scoileanna agus i gclubanna ar fud an domhain.

Mar oideachasóirí atá Néara-éagsúil muid féin, aithnímid go maith an phian a mhothaíonn páistí Néara-éagsúla. Níl gá ar bith leis an phian seo agus tabharfaidh an clár INCLUDE tacaíocht duit scoil nó club níos ionchuimsithí a chruthú. In ainneoin dhícheall agus dhea-thoil cur chuige do páistí Néara-éagsúla is féidir gurb é an toradh air seo ná 'eilecadh' nuair nach ndeabhaíonn daoine Néara-éagsúla an cur chuige féin. Níl an clár seo bunaithe ar eispéireas s'againn féin amháin ach ar chomh-eispéiris na mílte duine Néara-éagsúil.

Cad is Eileacadh ann?

Is minic a dhéantar 'eileachadh' ar pháistí Néara-éagsúla de bharr néaraitíopa s'acu. Cad é an chiall atá leis seo? Ciallíonn sé go gcaitear go difriúil leo agus den chuid is mó ar bhealach díspeagúil i gcomparáid lena macasamhail Néaraitipiciúil. Ní bhíonn cuma na bulaíochta oscailte air seo i gcónaí. I mbunscoil Orla, mar shampla, chuirtí 'Cailiní Mrs Maloney' orthu siúd a theadh chuig ranganna tacaíochta agus is de chogar a labhartaí futhu. Ní labhartaí faoi go hoscailte nó níor admhaítí é. Nuair nach bpléitear an Néara-éagsúlacht go hoscailte cothaítear náire sna daltaí Néara-éagsúla agus claontacht sna daltaí Néaraitipiciúla.

Go bunúsach is éard is Eileachadh ann ná daoine a chur i gcatagóir atá 'difriúil uaimse'. Déanaimid 'eileachadh' ar dhaoine nuair a chuirimid iad i gcatagóir difriúil uainne. Nuair a deir muid go bhfuil daltaí againn agus ansin daltaí le 'riachtanais speisialta' Ionnaímid cuid de na páistí i gcatagóir atá 'eile' dá bpíoraí. Nuair a dhéanaimid é seo tá tuiscint fó-choinsiach nach mar an gcéanna na páistí le 'riachtanais speisialta' agus na páistí eile mar ar an dóigh sin dhéanfaimis grúpa amháin de gach páiste. Ní bheadh againn ach páistí in áit páistí agus páistí le riachtanais speisialta.

Nuair a dhéanaimid 'eileacadh' ar dhaoine is féidir bacanna neamhbheartaithe a chuir roimh cheangal agus roimh thuiscint. Nuair nach bhfeicimid sinn féin i ndaoine eile bíonn an ionbhá deacair. Cabhraíonn an clár INCLUDE leat agus leis na páistí faoi do chúram ionbhá a léiriú dá chéile. Cabhraíonn sé le gach duine tuiscint a fháil cé gur daoine daonna muid ar fad agus go leor rudaí comónta eadrainn, cé go bhfuil éagsúlachtaí eadrainn.

Tuigimid gur ábhar scáfar é ábhar na Néara-éagsúlachta do go leor scoileanna agus clubanna. Go minic bíonn imní faoi úsáid teanga agus é a mhíniú do pháistí ar bhealach neamhchasta. Leagtar é seo amach duit sa chlár INCLUDE le ceachtanna atá éasca a leanúint.

Buntáistí an Chláir

- ·Pleananna Ceachta atá éasca á leanúint
- ·Tugann sé deiseanna don ionchuimsiú
- ·Forbraíonn sé ionbhá i measc píoraí
- ·Forbraíonn sé tuiscint sna héascaitheoirí
- ·Tugann sé deiseanna d'éascaitheoirí níos mó a fhoghlaim faoi na páistí atá faoina gcúram
- ·Tugann sé deiseanna don fhoghlaim leanúnach
- ·Tá sé deartha ag oideachasóirí Néara-éagsúla

Cé sinne?

Scríobhadh an leabhar seo ag beirt mhúinteoirí Néara-éagsúla, Evaleen agus Orla, a d'aithin an géarghá a bhí le hatmaisféar níos ionchuimsithí inár scoileanna agus inár gclubanna. Eadrainn, tá taithí ocht mbliana is fiche againn de bheith ag múineadh daltaí Néara-éagsúla. I rith gairm s'againne, d'éirigh muid plúchta faoi cé chomh fágtha amach a mhothaíonn daltaí Néara-éagsúla ó thimpeallachtaí oideachasúla agus sóisialta ár scoileanna agus ár gclubanna. Is é an clár INCLUDE réiteach s'againne ar na fadhbanna seo, rud a tháinig as an ghéarghá a bhí le difríocht a dhéanamh.

Fuair Evaleen amach gur duine uathach í agus í seacht mbliana is tríocha d'aois sa bhliain 2014. Chas sí an domhan Néara-éagsúil bun os cionn lena habhcóideacht agus lena gnónna oiliúna – Ausome Training agus Konfident Kidz. Ar a bharr sin, dhear sí cúrsa iontach cumarsáide agus scríobh sí leabhair den scoth do pháistí cosúil léi féin le go mbeadh eispéireas níos dearfaí acu. D'aithin sí an géarghá a bhí leis an chlár INCLUDE i ndiaidh di bearnaí a fheiceáil ins an tuiscint a bhí ag oideachasóirí ar an eispéireas néara-éagsúil agus an easpa áiseanna a bhí ar fáil.

Tá nasc ó dhúchas ag Orla faoi cad é mar a fhoghlaimíonn páistí. I ndiaidh na mblianta de thaithí mar mhúinteoir tacaíochta agus ag obair i ranganna speisialta, d'úsáid sí na botúin a dhéanadh oideachasóirí s'aici féin le oideachas a thabhairt do pháistí Néara-éagsúla ó 2014. Déanann sí seo trína meon cruthaitheach, néara-éagsúil féin a úsáid le cluichí agus áiseanna a chur in oiriúint do riachtanais a cuid daltaí. Tá BSc aici i bhForbairt Idirnáisiúnta, áit ar dhírigh sí ar oideachas bunaithe ar na healaíona cruthaitheacha agus scríobh sí a tráchtas ar an Téatar don Fhorbairt ag díriú ar ghrúpaí pobail imeallaithe. D'úsáid sí cúlra aisteoireachta s'aici le drámaí a scríobh a chumhachtaíonn agus a mhíníonn castacht na Néara-éasúlachta do dhaoine óga.

Cuspóirí an chláir seo

D'aithin muid 5 phríomhchuspóir a bhainfear amach ag deireadh an chláir seo.

1. **Insint na céille atá leis an Néara-éagsúlacht a athfhrámadh.**

   Is iomaí toimhde a dhéantar faoi dhaoine Néara-éagsúla agus go leor acu diúltach, míchruinn nó an dá rud. Leis an chlár seo, ba mhaith linn tuiscint chuimsitheach, ar son na Néara-éagsúlachta a thabhairt d'éascaitheoirí agus do pháistí ar chumarsáid agus ar mhothúlacht Néara-éagsúil.

2. **Béim a chur ar thábhacht an ionchuimsithe.**

   Míniú ar cé chomh minic a mhothaíonn páistí Néara-éagsúla fágtha amach as an ghrúpa. Cuireann an Clár INCLUDE béim ar an bhealach gur féidir le gach duine iarracht ghníomhach a dhéanamh le go mothaíonn daoine eile páirteach.

3. **Smaointeoireacht chruthaíoch a éascú.**

   Spreagann gníomhaíochtaí an chláir seo na páistí: chun ról gníomhach a ghlacadh in oiliúint phobal na scoile agus na gclubanna; samhlaíochtaí iontacha s'acu a úsáid le teachtaireachtaí an chláir seo a scaipeadh. Ní hé amháin go mbeidh úsáid fhocail agus smaointithe na ndaltaí féin ina fheachtas níos tuisceanaí don ionchuimsiú ach cuirfidh sé le cumhachtú na ndaltaí abhcóideacht ionchuimsithe a dhéanamh.

4. **Deiseanna féinmhacnaimh a thabhairt do na daltaí ar fad.**

   Is cuma Néara-éagsúil nó Néaraitipiciúil an dalta, tugann an clár seo deis do dhaoine óga anailísiú a dhéanamh ar a modh smaointeoireachta, ar a léiriú mothúcháin agus ar an bhealach a mhothaíonn siad an domhan mór timpeall orthu. Tugann gníomhaíochtaí an chláir seo tacaíocht do pháistí measúnú a dhéanamh ar pheirspictíocht s'acu ar an domhan mór.

5. **Próiséas na foghlamtha a dhéanamh taitneamhach.**

   Go ginearálta creidimid gur chóir do phróiséas an oideachais a bheith taitneamhach. Tá cluichí agus gníomhaíochtaí an chláir seo bunaithe ar na healaíona cruthaitheacha agus iad ar fáil do chách. Cionn is gurb é seo tús teagmhála na Néara-éagsúlachta do go leor scoileanna agus do chlubanna, tá muid ag iarraidh gur eispéireas deafach a bheas ann.

Cad é leis a mbeifeá ag dúil sa chlár?

Dhear muid dhá chlár éagsúla de 10 gceacht do dhá aoisghrúpa dhifriúla. Roinneadh na gníomhaíochtaí in aoisghrúpaí de cúig bliana go seacht mbliana agus ocht mbliana go dhá bhliain déag. Tá gníomhaíochtaí difiúla ann don dá aoisghrúpa. Úsáidimid gníomhaíochtaí de bhunús ealaíon cruthaitheach mar shampla, aisteoireacht, gluaiseacht, canadh, tarraingt, teicnící colláise agus níos mó le éascú a dhéanamh ar thuiscint na Néara-éagsúlachta. Tá muid bródúil as an chur chuige foghlaim fríd an ealaíon.

Clúdaíonn gach ceacht ábhar difriúil a bhaineann leis an néara-éagsúlacht. Molaimid ceacht amháin in aghaidh na seachtaine ar feadh deich seachtaine. Tugann an amlíne seo deiseanna machnamhacha do dhaltaí agus d'oideachasóirí maraon agus coinníonn sé na coinceapanna úrnua in intinn gach duine. Tá an leagan amach cinéal mar a chéile ag gach ceacht, is é sin inteoir ar ábhar an cheachta, ansin gníomhaíocht le taisceáladh a dhéanamh ar an ábhar agus ar deireadh machnamh ar an ábhar.

Tá smaointe againn ag deireadh gach ceachta le cur leis an fhoghlaim.

Sula dtosaíonn tú

Cad is Néara-éagsúlacht ann?

Tosaíonn an scéal i lár na 1990í, nuair a bhíothas ag cur tús leis an phobal uathach. D'aithin na ceannródaithe go gasta nach raibh focal ann do na daoine a rinne cur síos orthu féin mar 'normálta'. Dár ndóigh, ní oibreoidh 'normálta' mar chiallódh sé sin gur daoine neamhnormálta iad daoine uathacha agus eile.
Agus taiscéalú á dhéanamh ar fhocail ghreamaigh ceann amháin: néaraitipiciúil. Go gasta ina dhiaidh sin tháinig téarmaí 'néara-' eile chun cinn, go háirithe an néara-éagsúlacht agus néara-éagsúil. Thar na 25 bliana eile gineadh cinn eile ach is beag ceann atá comónta – néara-aereach, néara-níos cineálta, néaramhórlach, néaraimhionlach, néaraghaol, néaraleamh, néaraighiosáil, néarapháistí 7rl.
As an liosta seo is 'an néara-éagsúlacht' a úsáidtear go forleathan - agus is mó a bhfuil míthuiscint leis- ó úsáideadh é i dtráchtas le Judy Singer 1998 san irisleabhar 'The Atlantic'.

Cad é mar a cruthaíodh an Néara-éagsúlacht?

Cruthaíodh an focal an Néara-éagsúlacht trí chumasc a dhéanamh den chuid 'néara-' ón fhocal néareolaíocht agus 'éagsúlacht' mar atá i bhfocail cosúil le bithéagsúlacht. Déanann an bhithéagsúlacht cur síos ar an dóigh a mbíonn éagsúlacht d'fhoirm bheatha atá ag idirgníomhú de dhíth ar an dúlra le bheith sláintiúil agus cothrom.

B'amhlaidh a bhí an smaoineamh taobh thiar den 'néara-éagsúlacht': Tá éagsúlacht i ndaoine daonna ar fad agus tá ról ag gach cinéal néaraitíopa i sochaí daonna sláintiúil, feidhmiúil. Tugann roinnt daoine scileanna anailíseacha leo, roinnt eile ceannaireacht, tá roinnt eile ina gcúramóirí nó tógálaithe nó ealaíontóirí nó múinteoirí; cuireann roinnt daoine ceisteanna, tagann daoine eile ar fhreagraí, cabhraíonn roinnt eile le ord bunúsach a choinneáil fad is atá daoine eile ag tabhairt isteach athruithe atá ag teastáil. Déanann sé go leor céille i ndáiríre.

Is é bun agus barr an scéil ná go gcuireann an néara-éagsúlacht síos ar réaltacht na sochaí daonna. Maíonn sé go gcoinníonn ag aithint agus ag taispeáin measa ar mheascán de scileanna agus ar pheirspictíochtaí go gcoinníonn siad an tsochaí follán. Ceistíonn sé an creideamh go bhfuil cineál amháin duine níos fearr agus nach bhfuil cearta daonna iomlán tuillte ag daoine eile. Léiríonn sé go bhfuil 'normálta' gan ciall má aithníonn tú agus má bhíonn luach agat ar dhignít, ar luach agus ar chearta gach duine daonna aonarach. Agus feidhmíonn sé ar an dá bhealach – is duine 'eile' muid ar fad do dhuine éigin eile. Maíonn an Néara-éagsulacht ní amháin 'caithimís le daoine eile mar dhaoine cothroma' ach éilíonn sé ar dhaoine eile caitheamh leat mar dhuine cothrom freisin. Is féidir a rá 'déantar sochaí níos cothroime agus níos saibhre a bhuí leis an Néara-éagsulacht.' Is féidir a rá freisin 'má chuireann muid le méid na Néara-éagsúlachta i bhfoireann s'againne gur thug sé sin cead dúinn smaoineadh taobh amuigh den bhosca agus a bheith nuálach

Cad é an chiall atá le Néara-éagsúil?

Cén fáth in amanna a gcaitheann daoine leis an Néara-éagsúlacht mar a bheadh drochfhocal ann? Bhuel, ceistíonn sé tuairimí áirithe faoi fhiúntas daonna agus faoi ord na sochaí agus is féidir leis seo a bheith scanrúil. Bíonn sé éasca sleamhnú isteach, gan feasacht, ar an líne sin smaointeoireachta, mar bíonn claonadh i sochaithe s'againne luach a chur le comhréireacht agus is cosúil le bagairt iad smaointe nua fiú amháin má fhógraíonn siad rud éigin comhbhách nó ionchuimsitheach go leor.

Tá focail eile agus an claonadh ann iad a mheascadh suas mar seo freisin, go háirithe 'Néara-ilchineálach' agus 'Néara-éagsúil' agus mar sin de, déarfaidh muid píosa futhu.

Tarlaíonn mí-úsáid leis an fhocal 'Néara-inchineálach'. Cuireann an focal Néara-inchineálach síos ar ghrúpa daoine, agus ní duine aonarach. Mar sin, ba chóir dúinn cur síos ar scoil mar Néara-inchineálach mar go bhfuil meascán de chineálacha néareolaíochta ann. Níl ciall ar bith leis an abairt 'is duine néara-ilchineálach í Jodie'.

'Ina áit sin, is féidir linn cur síos a dhéanamh ar Jodie mar 'Néara-éagsúil.' Ciallaíonn sé go n-imíonn néareolaíocht an duine ón rud tipiciúil. Mar sin de, is féidir 'Néara-éagsúil' a léamh mar a mhalairt de 'Néaraitipiciúil.' Is féidir linn a rá 'is duine Néara-éagsúil í Jodie' nó 'is pobal de dhaoine Néara-éagsúla iad daoine uathacha. Tá go leor Néara-fhocal le tuiscint agus cuimhniú orthu, agus mar sin de, tá gluais simplí thíos.

Achoimre ar théarmaí

An Néara-éagsúlacht

Cur síos ar shochaí daonna a aithníonn an luach a bhaineann le héagsúlacht na néareolaíochta do shláinte agus d'fhorbairt an domhain uile.
"Tá sé go maith aithint a thabhairt don luach a thugann an Néara-éagsúlacht dár bpobal ar fad."

Néaraitipiciúil

Duine a mheaitseálann néareolaíocht s'acu go gar le mórlach an duine daonna sa sochaí.
"Tá mórlach den chine daonna néaraitipiciúil agus mar sin de bíonn claonadh iontu rudaí a fheiceáil ar an dóigh céanna

Néara-éagsúil

Duine a n-imíonn a Néareolaíocht ón rud tipiciúil sa sochaí, mar shampla, uathachas, ADHD, ABI, nó le Trisomy 21, diospraicse, Tourettes, disléicse, dioscalcúile, agus go leor leor eile.
"Tá Jodie néara-éagsúil agus chabhraigh léargais s'acu linn athchruthú a dhéanamh ar an dóigh gur feidir le tairgí s'againne margaí nua a shroichteáil.

Néara-ilchineálach

Cur síos ar ghrúpa daoine le héagsúlacht chineálacha néareolaíochta.
"Is breá liom mo phost mar go bhfuil foireann néara-ilchineálach ann, rud a chruthaíonn timpeallacht atá cruthaitheach agus suimiúil.'

Scríobh cara agus comhghleacaí linn Stiof MacAmhalghaidh an rannóg seo ar an Néara-éagsúlacht.

Tá an rochtain rí-thábhachtach

Le go n-éiróidh leis an chlár seo tá sé rí-thábhachtach beart a dhéanamh de réir ár mbriathair. Bíonn eipéireas an tsaoil difriúil ag daltaí Néara-éagsúla agus mar sin de, déanann rudaí difriúla míchompordach iad. Ba chóir go raibh an clár seo mar spás do na daltaí sin leis na gníomhaíochtaí a eispéiriú gan srian. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé tábhachtach sula dtosaíonn tú an ceacht a mhíniú má tá treoir nó gníomhaíochta ar bith a dhéanann míchompordach iad nár choir dóibh páirt a ghlacadh ann. Tá sé seo rí-thábhachtach mar is minic a laghdaítear íogaireacht daltaí Néara-éagsúla a bheith míchompordach. Is scil tábhachtach í is gá a chleachtadh, gach páiste a spreagadh a bheith ag éisteacht le mianacha s'acu.

Ciallaíonn sé seo, mar éascaitheoir, go mbeidh ort a bheith cruthaitheach leis na gníomhaíochtaí. Mar shampla, sa ghníomhaíocht, má iarrtar ar dhaltaí na súile a dhúnadh agus tá dalta éigin míchompordach leis seo is féidir a mholadh go gcasann said timpeall nó go gcromann siad cloigeann nó rud ar bith eile oiriúnach. Má iarrtar ar pháiste suí ar an urlár sa ghníomhaíocht ach tá an t-urlár tochasach do pháiste amháin, faigh mata nó cathaoir dóibh. Ba mhaith linn freisin go bhfuil an clár seo insroichte ag gach páiste agus mar sin de caithfidh muid a bheith feasach go mbeidh ábaltachtaí fisiciúla agus scileanna luadracha difriúla ag roinnt páistí. Caithfear é seo a chur san áireamh. Chuir muid nótaí ar an ionchuimsiú leis na gníomhaíochtaí agus is féidir iad a chur in oiriúint do riachtanais difriúla do rangsa nó do ghrúpasa. Tá súil againn ní amháin go gcabhróidh na moltaí seo an clár a bheith insroichte do gach duine ach go dtabharfaidh sé smaointe duit le gníomhaíochtaí eile sa scoil nó sa chlub a dhéanamh níos ionchuimsithe. Is é an réiteach ar an ionchuimsiú ná roghanna a thairiscint. Tá sé chomh simplí sin. Nuair a chruthaíonn muid rialacha dochta, dolúbtha, bíonn muid i gcónaí ag dul a dhéanamh eisiamh ar dhuine éigin. Is é an t-aon dóigh le gach duine a ionchuimsiú ná a bheith solúbtha agus oiriúnaitheach le do sheachadadh.

Beidh ról tábhachtach ag an dóigh a míníonn tú agus a ndéanann tú cumarsáid ar na gníomhaíochtaí do rath an chláir seo. Feicfidh tú ó na scripteanna go gcoinníonn muid na treoracha simplí agus gonta. Moltar treoir nó ceist amháin a thabhairt ag an am amháin. Is féidir na treoracha a sheachadadh ar dhóigheanna éagsúla mar go mbíonn daoine ag próiseáladh eolais ar bhealaí difriúla. Is féidir leat treoracha ó bhéal a thabhairt, ansin amharc-áiseanna, ansin taispeánann tú an ghníomhaíocht le páirtnéir nó déanann tú fís taispeána ghairid. Is smaoineamh maith é deis agus am a thabhairt do na páistí ceisteanna a chur sula dtosaíonn tú mar is bealach eile é a bhíonn ag daoine le próiseáladh a dhéanamh.

B'fhéidir go mbeidh páistí ann nach ndéanann cumarsáid trí fhocail bhéil a úsáid nó a eispéireann bailbhe shuímh de bharr imní. Tá sé tábhachtach bealaí malartacha a chur ar fáil do pháistí le páirt a ghlacadh sa phlé, le tuairimí a roinnt agus le smaointe a thairiscint.

Mar shampla, má fhiarfraíonn tú de do ghrúpa páistí cén t-ainmhí is fearr leo bheadh sé ina smaoineamh maith gléas a bheith in aice láimhe sa dóigh is gur féidir le páiste an t-ainmhí is fearr leo a roghnú gan a bheith ag labhairt. D'fhéadfá bileog a phriontáil ach is féidir srian a bheith ar roghanna. Mar shampla, d'fhéadfá bileog a phriontáil le tríocha ainmhí difriúil ach gan an t-ainmhí is fearr leis a pháiste a bheith uirthi. Níl anseo ach sampla den dóigh a gcaithfidh muid cinntiú go ndéantar éascú iomlán ar chumarsáid iomlán do gach duine.

Is fiú cuimhne a bheith agat nach bhfuil gach páiste Néara-éagsúil feasach ar a Néara-

ilchineálachas. Ní bheidh gach páiste Néara-éagsúil aitheanta. Úsáideann muid an téarma ‘aitheanta’ seachas ‘diagnóisithe’ le claoi lenár bhfealsúnacht agus lenár n-éiteas. Ní thacaíonn muid leis an mhúnla leighis ach tacíonn muid leis an múnla Néara-éagsúlachta.

Miotais faoi pháistí Néara-éagsúla

Tá go leor miotas ann faoi pháistí Néara-éagsúlachta agus mar sin de, tá sé tábhachtach scaoileadh le cuid ar bith de na creidimh seo sula gcuireann muid tús leis an chlár seo.

Tá an iomarca miotas ann le lua agus rinne muid tagairt do chuid de na cinn a aithnímid a chuirfeadh constaic le seachadah éifeachtach an chláir INCLUDE.

- **Caithfear scileanna sóisialta a mhúineadh do pháistí Néara-éagsúla.** Níl sé seo fíor ar chóir ar bith agus tacaíonn an taighde is nua leis seo. Tá a modh éifeachatch cumarsáide féin ag páistí Néara-éagsúil agus ar an drochuair is minic nach dtuigtear iad.
- **Caithfear a mhúineadh do pháistí Néara-éagsúla an dóigh le hidirgníomhú lena bpíoraí.** Bréagach freisin! Más cuimhin leat níos luaithe san intreoir seo labhair muid faoi eileacadh. Is minic a dhéantar eileacadh ar pháistí Néara-éagsúla ag a bpíoraí agus ag daoine fásta. Taispeánann sé seo nach luíonn na ceisteanna le páistí Néara-éagsúla amháin. Ní féidir cairdeas a dhéanamh muna mbíonn daoine ag iarraidh a bheith cairdiúil leat agus muna dtuigeann daoine thú. Is tascanna débhealacha iad idirgníomhú, cumarsáidiú, agus ag tógáil caidreamh agus mar sin de tá ról ag gach duine i rath na dtascanna seo.
- **Ní bhíonn ionbhá ag páistí Néara-éagsúla.** Níl fianaise ar bith ann le tacú leis seo. Is a mhalairt atá i gceist le go leor cásanna agus páistí Néara-éagsula ag éispeiriú hipirionbhá. B’fhéidir go mbíonn caoldifríochtaí leis na dóigheanna a léiríonn páistí ionbhá agus déanfar iniúchadh air seo sa chlár INCLUDE.
- **Níl páistí Néara-éagsúla chomh hinniúil lena bpíoraí.** Le teacht I láthair páistí Néara-éagsúlacht le tuiscint caithfidh muid inniúlacht a thoimhdiú. Ciallaionn sé seo go nglacann muid leis go mbíonn páistí Néara-éagsúla lán chomh hinniúil lena bpíoraí. Ciallaíonn sé seo go ligeann muid do dhifríochtaí i stíleanna cumarsáide, go n-oiriúnaíonn muid ár gcumarsáid ach den chuid is mó go labhrann muid le daoine Néara-éagsula direach mar a labhrann muid lena bpíoraí. Ní dhéanann muid toimhde choíche mar ‘ní thuigfeadh siad’.
- **Bíonn an fhoghlaim deacair do pháistí Néara-éagsula.** Is féidir le gach duine foghlaim ach caithfear iad a mhúineadh ar dhóigheanna a oireann dá Néara-ilchineálachas. Is é fírinne an scéil é gur foghlaimeoirí uateagascacha iontacha iad go leor páistí Néara-éagsúlachta. Ciallaíonn sé seo gur féidir leo iad féin a mhúineadh nuair a thugtar an deis dóibh suimeanna s’acu a leanúint.
- **Caithfear iompar a mhúineadh do pháistí Néara-éagsúla.** Tá a fhios ag páistí Néara-éagsúla cad is iompar ann ach go minic eispéiríonn siad an méid sin ard léibhéal imní, strusa agus/nó tráma go mbaineann daoine nach bhfuil eolach ar na rudaí seo an chiall chontráilte as a n-iompar.

Cad é mar a úsáidtear an leabhar seo?

- Dhear muid na ceachtanna le go dtig le páistí foghlaim futhu féin agus faoina bpíoraí ach gur féidir libhse freisin foghlaim faoina páistí atá faoi bhur gcúram.

- Tá scripteanna leis na ceachtanna agus is féidir iad a léamh sna ceachtanna mar atá siad.

- Tá nótaí curtha isteach againn áiteanna a bhfuil gá leo sna ceachtanna.

- Moltar an clár a dhéanamh thar thréimhse deich seachtain sa dóigh is go bhfuil am machnaimh ann agus le chomhthathú a dhéanamh le gnéithe eile den churaclam.

- Tá sé tábhachtach an clár a dhéanamh thar deich seachtain comhleanúnach más féidir, sa dóigh is nach mbeidh bearnaí móra leis an seachadadh de thairbhe laethanta saoire.

- Tá na ceachta feiliúnach do ghrúpaí beaga de 3 nó 4, suas go dtí grúpa móra de 30.

- Do chuid de na ceachtanna beidh fearas ealaíne agus ábhair eile de dhith, mar sin de, bí cinnte ullmhúchán a dhéanamh roimhré.

- Oibríonn an clár seo níos fearr má dhéantar é leis an scoil ar fad ag an am céanna. Is féidir an clár a dhéanamh le gach rang nó rang grúpa gach bliain ina dhiaidh sin.

- Maireann gach ceacht thart fá uair an chlóig.

- Iniata sa leabhar seo tá liosta acmhainní agus smaointe chun ócáidí leis an Néara-éagsulacht a chur chun cinn i do scoil nó i do chlub. Tá siad ar fáil i dtreo dheireadh an leabhair.

- Is minic a úsáidtear forainmneacha inscne neodracha agus mar sin de, b'fhéidir go bhfeicfidh tú 'iad/siad in áit 'sé' nó 'sí'. Ní botún gramadaí é seo. Ní aithníonn go leor dár bpobal Néara-éagsúil 'sé' nó 'sí', agus mar sin, de úsáidimid 'siad' mar is forainm aitheanta é. Má tá tú ag iarraidh tuilleadh eolais faoin ábhar seo tá moltaí ar fáil sa mhír acmhainní úsáideacha ag deireadh an leabhir seo.

- Smaoineamh maith a bheadh ann tuairisc ar d'fhoghlaim féin a choinneáil i rith an chláir seo sa dóigh is go dtig leat an t-eolas seo a úsáid le timpeallacht níos fearr a chruthú agus sibh ag bogadh ar aghaidh. Mar shampla, foghlaimeoidh tú faoi phróifilí aonaracha céadfaí na bpáistí faoi do chúram agus faoin dóigh a bhfoghlaimíonn siad, a smaoiníonn siad agus a gcuireann siad iad féin in iúl. Is eolas sárluachmhar é seo le timpeallacht ionchuimsitheach a chruthú.

- Scríobh daoine Néara-éagsúla an clár seo agus tá modh cumarsáide díreach againn. Muna bhfuil tú Néara-éagsúil tú féin is fiú a bheith feasach faoi seo.

Clár do dhaltaí 5 - 7 bliain

Intreoir

Intreoir duitse

Is é fócas an chláir seo ná coincheap na néara-éagsúlachta a chur in iúl ar bhealach spraíúil, simplí a bheidh éasca a thuiscint ag páistí cúig go seacht mbliana. Tugann an clár deis do na daltaí iniúchadh a dhéanamh orthu féin agus iad féin a thuiscint ar dtús. Is ansin a éascaítear dóibh taiscéalú a dhéanamh ar riachtanais éagsúla daoine eile. Ansin, foghlaimíonn siad straitéisí a chinntíonn go mothaíonn gach duine sa ghrúpa rannpháirteach. Don aoisghrúpa seo tá gníomhaíochtaí mar phlé, dhramaí, ealaín, cheardaíocht agus cheachtanna ceoil.

Nótaí ar an ionchuimsiú:

Don chéad ghníomhaíocht, beidh ar na páistí rud éigin atá tábhachtach dóibh a thabhairt isteach agus mar sin de, beidh ort iad a chur ar an eolas faoi seo seachtain chun tosaigh ar Seachtain 1. Clúdaíonn sé seo rud ar bith atá tábhachtach dóibh. Cabhróidh sé le cuid de na páistí moltaí a thabhairt agus mar sin de, is féidir rudaí a mholadh cosúil le bronntanas a thug duine speisialta dóibh, téidí, leabhar, cloch a fuair siad ar an trá, an t-léine is fearr leo, uirlís ceoil, grianghraf, bailiúchán agus mar sin de.

Seans go ndéanfaidh cuid de na páistí dearmad ar rud éigin agus mar sin de, is fiú neart foláirimh a thabhairt. B'fhéidir gurbh fhiú meabhrúchán a chur abhaile chuig na tuismitheoirí agus plean B a bheith ann mar ní maith an rud é páiste a bheith brónach faoi dearmad a dhéanamh ar rud. Ba chóir rud ar bith a sheachaint a chiallaíonn go mothóidh páiste fágtha ar lár agus d'fhéadfá a mholadh go ndéanann siad pictiúir den rud. D'fhéadfadh siad insint don ghrúpa faoi agus a dhearbhú dóibh gur féidir an rud a thabhairt isteach am ar bith a smaoiníonn siad air agus é a thaispeáint don ghrúpa ansin.

Intreoir do na páistí

Tá muid ag dul a chur túis le clár nua. Tá sé lán de ghníomhaíochtaí sultmhara.
INCLUDE an t-ainm atá air.

Tá muid ag dul a fhoghlaim:

- Fúinn féin agus faoi dhaoine eile
- Faoin dóigh a smaoiníonn muid, a mothaíonn muid agus a mbraitheann muid
- Faoin dóigh a ndéanaimid cumarsáid
- Faoin dóigh a n-úsáidimid teanga choirp
- Faoin dóigh a bhfoghlaimíonn muid
- Faoina dóigheanna a ndéanaimid eisiamh nó ionchuimsiú ar dhaoine eile agus orainn féin
- Faoin dóigh a dtig linn oibriú le chéile agus tuiscint a bheith againn ar a chéile.

Seo pictiúr de chlúdach an leabhair:



Is cairde maithe iad na páistí ar fad ar an chlúdach agus bíonn siad I gcónaí ag foghlaim faoina chéile.

Tá muidne ag dul a dhéanamh sin freisin!

Cad é a fheiceann tú sa phictiúr?

Cén fáth a gceapann tú gur cairde iad na páistí seo?

Cén fáth a gceapann tú go bhfuil dath gorm agus bándearg agus glas ar na páistí seo?

Tosóidh muid INCLUDE agus déanfaidh muid ceacht sultmhar amháin gach seachtain go ceann deich seachtain.

Nótaí ar an Ionchuimsiú
B'fhéidir gur mhaith leat radharc-sceideal a chur leis seo sa dóigh is go mbeidh radharc-léiriú den chlár ag na páistí.

Seachtain 1: Gach rud fúm féin

Gach rud fúm féin

Tugann an t-ábhar seo deis do dhaltaí tús a chur lena dturais féintuiscine. Dearadh na ceachtanna le go dtuigeann siad gur duine ilghnéitheach iad. Is duine iad a bhfuil cuma ar leith orthu, a smaoiníonn ar bhealaí ar leith, a ghníomhaíonn ar bhealach ar leith agus a bhaineann taitneamh as rudaí ar leith.

Do ghníomhaíocht na seachtaine seo beidh siad seo de dhíth:

- Páipéar A4
- Rud éigin le tarraingt leis
- Rud éigin le dathú leis
- Rud éigin atá tábhachtach don pháiste

1. Tarraing pictiúr díot féin

Nótaí ar an Ionchuimsiú
Má tá páistí níos compordaí ag labhairt ná ag tarraingt d'fhéadfadh siad cur síos a dhéanamh orthu féin don ghrúpa nó d'fhéadfadh siad pictiúr a thabhairt isteach.

Seo roinnt leidí a thig leat a thabhairt don ghrúpa sula ndéanann siad an pictiúr agus iad á dhéanamh chomh maith:

- Is pictiúr díot féin é seo, faic eile.
- Cén cineál éadaí atá tú ag caitheamh?
- Cén chuma atá ar do chuid gruaige?
- An bhfuil aoibh an gháire ort?
- An bhfuil tú i do shuí, i do sheasamh, i do luí nó bealach eile?
- Cad é atá do lámha ag déanamh?
- Cad é mar atá tú ag mothú sa phictiúr seo agus cad é mar a thig leat é sin a léiriú sa phictiúr?

Chomh luath is atá an pictiúr déanta ag gach duine is féidir iad a bhailiú. Ansin tabhair amach go randamach iad sa dóigh is go bhfaigheann gach duine pictiúr duine eile.Tabhair deis do gach duine tomhas a dhéanamh cén pictiúr a fuair siad agus ardaigh é le taispeáint don ghrúpa. Má fuair siad ceart é, togann an páiste a rinne é an pictiúr. Is féidir 2-3 thomhas a bheith acu. Muna bhfaigheann siad ceart é tar éis cúpla seal is féidir leis an pháiste a rinne é é a thógáil ar ais.

Nótaí ar an Ionchuimsiú
Méadaíonn an eagla go dtabharfadh siad freagra mícheart imní ar pháistí imníocha. Tá sé tábhachtach súil a choinneáil amach do chomharthaí na himní agus teacht ar bhealaí éagsúla le rudaí a dhéanamh má bhíonn páistí imníocha i do ghrúpa. Mar shampla, d'fhéadfá an píosa tomhais a bhaint den ghníomhaíocht agus iarraidh ar na páistí na pictiúir a chur timpeall ar a chéile. Do pháistí le hard-imní, d'fhéadfadh an smaoineamh go bhfeichfeadh daoine eile a bpictiúr a bheith scanrúil dóibh. Is féidir go gceapann an páiste go bhfuil breithiúnas á dhéanamh orthu agus imní orthu go mbreathnófar go diúltach ar a gcuid oibre. Tá sé tábhachtach meas a bheith

ar na freagairtí seo agus a chinntiú don ghrúpa nach gcaithfí an pictiúr a thaispeáint do dhuine ar bith agus gur féidir é a choinneáil iad féin más maith leo.

2. Iarr ar na páistí an rud tábhachtach a thug siad isteach a thabhairt amach, nó má bhí tú á mbailiú le cúpla seachtain is féidir iad a thabhairt amach do na daoine ar leo iad.

Iarr ar na páistí, duine ar dhuine, an rud a roinnt leis an ghrúpa. Is féidir a rá leis an ghrúpa cén fáth a bhfuil sé tábachatch, cén fáth is maith leo é, cad é mar a mhothaíonn siad faoi, cá bhfuair siad é, cé chomh fada is atá sé acu, cé nó cén rud a gcuireann sé l gcuimhne dóibh, cad é mar a mhothaíonn sé agus iad ag déanamh tadhail leis agus ar uile.

Nótaí ar an Ionchuimsiú
Is fearr le roinnt páistí é má chuireann tú ceisteanna díreacha orthu agus roinnt eile labhróidh siad go héasca faoi rud s'acu. B'fhéidir go mothóidh roinnt páistí níos sábháilte agus páirtnéir in aice leo, nó le cara a bhfuil muinín acu astu, ag labhairt ar a son faoin rud, seachas iad féin ag labhairt faoi. Is féidir bealaí éagsúla a chur ar fáil leis an eolas a roinnt seachas a bheith ag labhairt os comhair an ghrúpa. B'fhéidir go dtaispeánfaidh siad an rud agus nach labhróidh siad ar chóir ar bith. Le gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha a dhéanamh caithfear teacht ar dhóigheanna le gach duine agus a riachtanais éagsúla a ionchuimsiú.

Seo bealaí éagsúla eile go dtig leo roinnt:

- Déan taifead de chur i láthair sa bhaile agus is féidir é a sheinm don ghrúpa.
- D'fhéadfaí é a scríobh sa bhaile le cabhair ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus d'fhéadfá é a léamh amach dóibh.
- D'fhéadfaí sráith greannán a tharraingt leis an tábhacht a mhiniú.
- Seachas é a roinnt leis an ghrúpa ar fad d'fhéadfaí é a roint leatsa amháin.
- D'fhéadfá an grúpa a roinnt i bpéirí agus bheadh siad in ann é a roinnt le páirtnéir seachas os comhair gach duine.
- Nó d'fhéadfadh siad páirtnéir a bheith leo agus iad ag roinnt don ghrúpa ar fad.

Seo roinnt ceisteanna molta gur féidir eagarthóireacht a dhéanamh orthu agus cuir leo ag bráth ar an rud:

1 Cé chomh fada is atá sé agat?
2. Cad é mar a fuair tú é?
3. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach duit?
4. Cén dath atá air?
5. Cad é mar a mhothófá dá gcaillfeá é?
6. Cad as a bhfuil sé ag teacht?
7. An ndéanann sé fuaim?
8. Cad é mar mhothaíonn tú faoi?
9. Cad é is maith leat faoi?
10. An bhfuil rud ar bith faoi nach maith leat?

Is féidir leis na páistí na pictiúir a thabhairt abhaile nó is féidir taispeántas a chruthú ar an mballa ealaíne dar teideal "Gach rud Fúinn".

Seachtain 2: An Néara-éagsúlacht a thabhairt isteach

Cuirtear coinceap na Néara-éagsúlachta in iúl do na páistí an tseachatin seo. Úsáidimid plé le míniú go bhfuil néara-típeanna difriúla ann cosúil le cineálacha difriúla daoine. Úsáidimid íomhanna le iniúchadh a dhéanamh ar na dóigheanna difriúla a bhaineann duine ciall as agus a fhreagraíonn siad don timpeallacht an an dóigh a bhfuil gach éispeireas agus ciall bailí.

Plé leis an rang

Is féidir an script seo a úsáid le tús a chur leis an phlé:

> An tseachtain seo chaite tharraing muid pictiúir dínn féin agus roinn muid rudaí a bhí tábhachtach dúinn.
>
> Ar thug gach duine an rud céanna isteach?
>
> Cad é a thaispeáin siad dúinn?
>
> Tá gach duine leithleach agus mar sin de, bíonn rudaí difriúla tábhachtach dúinn. Ach is daoine daonna muid ar fad agus seo iad rudaí atá coitianta againn:

Bímid ag samoineamh	Bímid ag análú
Bímid ag mothú	Bímid ag
Bímid ag cumarsáideadh	Bímid ag sabhlú
Bím ag tabhairt grá	Bímid ag súgradh
Bímid ag gortú	Bímid ag brionglóideadh
Bímid ag ithe	Bímid ag argóint
Bímid ag gáire	Bímid ag caoineadh

An bhfuil sibh in ann smaoineamh ar rudaí eile atá coitianta dúinn?

Ach is daoine leithleacha muid freisin agus seo rudaí difriúla fúinn féin:

Ta dath difriúil súl againn	Tá airde difriúil againn
Tá cruth difriúil ar ar srón	Tá cultúir dhifriúla againn
Tá gruaig dhifriúil againn	Bíonn broinglóidí difriúla again
Tá dath craicinn difriúil againn	Bíonn riachtanais difriúla again
Tá clanna difriúla againn	Tá caithimh aimsire difriúla again
Is fear linn rudaí difriúla	Tá rudaí difriúla againn atá tábhachtach dúinn

An bhfuil bealaí eile a bhfuil muid difriúil óna chéile?

Inniu tá muid ag dul a fhoghlaim focal nua.

Is focal MÓR é!

Is focal mór é an **Néara-éagsúlacht** le míniú go bhfuil bealaí éagsúlachta againn le bheith ag smaoineamh, ag mothú, ag cur in iúl agus ag tabhairt rudaí faoi deara timpeall orainn atá tábhachtach dúinn. (ag braithint)

Tá daoine áirithe iontach mothúlach agus daoine eile nach bhfuil chomh mothúlach. Go minic bíonn roinnt daoine mothúlach ar rudaí a chloiseann siad, a fheiceann siad, a bhlaiseann siad, a bholaíonn siad, a ndéanann siad tadhall leo chomh maith le mothúcháin daoine eile.

Bíonn eispéireas difriúil ar an saol againn agus tá sé tábhachtach go bhfuil tuiscint againn air seo. Ciallaíonn ag eispéiriú an tsaoil go dtugann roinnt againn rudaí faoi deara nach dtugann daoine eile. Ciallaíonn sé chomh maith go bhfuil rudaí atá tábhachtach do roinnt daoine nach bhfuil tábhachtach nó speisialta do dhaoine eile.

Gníomhaíocht

Taispeáin an íomha thíos don ghrúpa agus iarr orthu cur síos a dhéanamh ar cad é atá sa phictiúr. Feicfidh páistí éagsúla rudaí difriúla. Pléigh leis an grúpa an dóigh gur féidir le gach duine an t-eispéireas céanna a bheith acu ach ar bhealaí difriúla. Níl freagra ceart ar an cheist seo. Is é is mó freagraí atá again, is é is mó smaointe agus again agus is é is mó smaointe atá againn is é mó atá muid cruthaitheach mar ghrúpa. Le bheith cruthaitheach bíonn gá le héispeiris difriúla.

1. Iarr ar an rang a rá leat cad é a fheiceann siad sa phictiúr.

2. Roinn an grúpa i ngrúpaí beaga agus iarr orthu seasamh in áiteanna difriúla sa seomra.

Mar shampla, b'fhéidir go mbeidh 2 ghrúpa agat agus is féidir le grúpa 1 seasamh ar thaobh na láimhe clé sa seomra agus grúpa 2 ar thaobh na láimhe deise . Nó d'fhéadfá iad a roinnt i 4 ghrúpa agus iad a chur sna 4 chúinne den seomra. Chomh luath is a bhíonn siad socraithe sna háiteanna nua iarr orthu na rudaí a fheiceann siad ón áit a bhfuil siad sa seomra a ghlaoch amach.

Ansin cruinnigh gach duine le chéile arís le plé a dhéanamh.

Nótaí ar an Ionchuimsiú

Tá páistí ann nach maith leo a bheith ina suí i gciorcal nó i ngrúpa. Glactar go hiomlán leis seo nuair a thuigimid go n-éispeiríonn daoine rudaí ar bhealaí éagsúla agus rud a bhíonn taitneamhach do dhuine amháin ní amhlaidh a bhíonn sé do chách. Tá sé tábhachtach glacadh leis go bhfuil siad inniúil agus glacadh leis go bhfuil fáthanna maithe ag an pháiste nach bhfuil ag iarraidh suí leis an ghrúpa. Nuair a bhíonn tú mothálach, bíonn sé dian ort, tarraingíonn sé aird agus go minic bíonn sé plúctach a bheith an-ghar do dhaoine eile. Mar sin de, tá sé tábhachtach fios a bheith agat go nglacfaidh páistí áirithe páirt níos fearr má bhíonn siad scartha ón phríomhghrúpa. Sílimid in amanna go gcaitear ionchuimsiú fisiciúil a bheith ann sa chiorcal nó sa ghrúpa sa dóigh is go bhfuil siad cuimsithe ach go réadúil d'fhéadfadh a mhalairt a bheith fíor. D'fhéadfaí iad a ionchuimsiú níos fearr trí spás a thabhairt dóibh a bheith páirteach ón áit a bhfuil siad níos compordaí.

3. Áisigh plé ar cad é a d'fhoghlaim siad ón 2 cheacht seo. B'fhéidir go mbeadh sé cabhrach cuid de na ceisteanna seo a úsáid faoin bpictiúr:

1. An bhfaca gach duine na rudaí céanna sa phictiúr?
2. Cad é a chonaic tusa nach bhfaca duine eile?
3. Cad iad na rudaí speisialta nó tábhachtacha a chonaic tú sa phictiúr?
4. Ar thug tú rud ar bith faoi deara i ndiaidh do dhuine éigin eile é a lua nár thug tú faoi deara roimhe sin?
5. An raibh rud ar bith nach raibh tú in ann a fheiceáil fiú i ndiaidh do dhuine eile é a fheiceáil?
6. An bhfaca tusa na rudaí céanna le duine eile?
7. An bhfaca tusa dath ar bith nach bhfaca duine ar bith eile?
8. Cad é a d'fhoghlaim tú, más ea, ón cheacht seo?

B'fhéidir go mbeidh na ceisteanna seo úsáideach le áisiú a dhéanamh ar an phlé faoin seomra:

1. An raibh muid ar fad sa seomra céanna?
2. An bhfaca muid uilig na rudaí céanna?
3. An raibh aon duine ina seasamh taobh thiar de dhuine a bhí níos airde ná iad?
4. Ar thug daoine rudaí faoi deara nach bhfaca daoine eile?
5. Cén fáth a gceapann sibh gur thug daoine rudaí faoi deara nach bhfaca daoine eile?
6. Cad é an rud is speisialta a chonaic tusa sa seomra?

7. Ar thaithin an áit ina raibh tú sa seomra leat nó an raibh tú ag iarraidh a bheith in áit eile sa seomra?
8. Dá ndéanfá malartú áite an bhfeicfeá rudaí difriúla?

Machnamh

Cad é a d'fhoghlaim tú óna ceachtanna seo a dhéanamh?

Cad é mar a thig leis na rudaí a d'fhoghlaim tú sa cheacht cabhrú leat duine eile a thuiscint?

Cad é mar a thig leis na rudaí a d'fhoghlaim tú sa cheacht cabhrú leis an chineáltas?

Seachtain 3: Ár gCéadfaí

Déanann gníomhaíochtaí na seachtaine seo iniúchadh ar chuid de na céadfaí: cad a chloisimid agus cad a ndéanaimid tadhall air. Déanfaidh muid iniúchadh ar an ghaol idir ár gcéadfaí agus ár mothúcháin agus an dóigh a mothaíonn muid agus muid ag cloisteáil agus ag déanamh tadhaill ar rudaí.

Cuir na céadfaí i láthair leis an script seo:

Cabhraíonn ár gcéadfaí linn rudaí a thabhairt faoi deara timpeall orainn

Cabhraíonn ár srón linn rudaí a bholadh

Cabhraíonn ár súile linn rudaí a fheiceáil

Cabhraíonn ár gcraiceann linn tadhall a dhéanamh le rudaí

Cabhraíonn ár mbéal linn rudaí a bhlaiseadh

Cabhraíonn ár gcluasa linn rudaí a chloisteáil

Bhreathnaigh muid cheana ar an dóigh a dtugaimid rudaí difriúla faoi deara, an dóigh a mbíonn rudaí speisialta difriúla againn agus an dóigh a bhfeicimid rudaí ar bhealaí éagsúla. Inniu tá muid ag dul a dhéanamh iniúchtha ar rudaí a chloisimid agus rudaí a ndéanaimid tadhall orthu

Ceacht 1: Fuaimeanna

Ask the children to sit comfortably and to close their eyes. Ask them to listen to the sounds around them. After three minutes ask them to open their eyes and discuss the sounds they heard.

Notes for Inclusivity

Iarr ar na paístí suí go compordach agus na súile a dhúnadh. Iarr orthu éisteacht leis na fuaimeanna timpeall orthu. I ndiaidh trí nóiméad iarr orthu na súile a oscailt agus na fuaimeanna a chuala siad a phlé.

Is féidir na ceisteanna seo a úsáid leis an phlé a threoradh:

1. Iarr ar pháistí aonaracha 'Cad iad na fuaimeanna a chuala tú? Iarr ar na páistí eile lámh a chur ar a gcluasa más rud é gur chuala siadsan an fhuaim sin.
2. Ar chuala duine ar bith fuaim nár thug tú faoi deara ariamh sa seomra ranga?
3. Ar chuala duine ar bith fuaim nach raibh tú in ann a oibriú amach cad é a bhí ag déanamh na fuaime sin?
4. Ar chuala duine ar bith fuaim nach raibh a fhios agat carb as a raibh an fhuaim ag teacht?
5. Ar chuala muid ar fad na fuaimeanna céanna?
6. Ar thug roinnt againn fuaimeanna faoi deara nár thug daoine eile?
7. An bhfuil duine ar bith in ann na fuaimeanna céanna a chloisteáil anois nó an raibh sé difriúil nuair a bhí muid ciúin?
8. Ar chuala duine ar bith fuaimeanna ó lasmuigh den seomra?
9. Nuair a chuala tú na rudaí seo an bhfaca tú rud ar bith i d'intinn?
10. An raibh sé deacair ar dhuine ar bith aird a dhíriú agus smaointe i d'intinn agat?

Nótaí duit féin

Ba smaoineamh maith é nótaí a dhéanamh d'fhreagraí na bpáistí. Is féidir ansin cuimhne a bheith agat ar na rudaí a tharraingíonn aird na bpáistí.

Ceacht 2: Tadhall

For this exercise you will need a station consisting of 6-10 bowls on a large table.

Don cheacht seo beidh stáisiún de dhíth ort le bord mór agus 6 – 10 mbabhla air.

Beidh gach babhla líonta le rudaí le teicstílí difriúla. Mar shampla: rís tirim, uisce, sláthach, páipéar stiallta, fabraic cadáis stiallta, pónairí tirime, lintílí, mirlíní, lego, duilleoga, ciúbanna oighir, oithear, gaineamh, gaineamh cinéiteach, taos, boinn agus rud ar bith eile is mian leat.

Is féidir stáisiún a dhéanamh de bhord mór le 6 – 10 mbabhla air. Bailíonn na páistí timpeall ag an stáisiún. Má bhíonn grúpa mór de pháistí agat b'fhéidir go mbeidh ort níos mó ná stáisiún amháin a bheith agat. Tabhair cuireadh do na páistí taiscéaladh a dhéanamh ar na hábhair dhifriúla trína lámha a chur isteach sna babhlaí a bhfuil siad compordach leo.

Nótaí ar an Ionchuimsiú
Tá sé tábhachtach go mothaíonn daoine compordach an t-am ar fad. B'fhéidir go mothaíonn roinnt páistí imníoch faoi tadhall a dhéanmh le roinnt teicstílí. Sin an fáth go mbíonn an rogha acu cad iad na babhlaí ar mhaith leo idirghníomhiú leo. Ní gá do gach páiste tadhall a dhéanamh le gach rud sa ghníomhaíocht seo. Seo an fáth go dtugaimid roghanna dóibh. B'fhéidir gurbh fhearr le roinnt páistí breathnadóireacht a dhéanamh seachas tadhall a dhéanamh ar na rudaí agus tá sé seo maith go leor freisin! B'fhéidir go mbeadh cabhair de dhíth ar pháistí áirithe, mar shampla má bhíonn páiste agat i do ghrúpa le soghluaiseacht teoranta d'fhéadfadh cuiditheoir na rudaí a chuimilt ar a lámh nó ar a n-aghaidh nó cibé rud a bhfuil siad compordach leis. B'fhéidir gurbh fhearr le páiste áirithe iniúchadh a dhéanmah lena n-uileann seachas na lámha mar shampla.

Gníomhaíocht:

1. Iarr ar na páistí bogadh timpeall agus aisteoireacht a dhéanamh ar cad é mar a mhothaigh siad faoi na rudaí seo. Mar shampla scairteann tusa amach, 'Cad é mar a mhothaigh tú agus tú ag déanamh tadhaill leis an ghaineamh?' agus déanann na páistí bogadh fisiciúil leis an mhothúchán a léiriú. Déan é seo do gach babhla. Muna ndearna siad idirghníomhú le babhla luíonn siad síos ar an urlár le taispeáint nach dtaitníonn an ceann sin leo.
2. An t-am seo scairteann tusa amach na rudaí agus iarr ar na páistí cén dóigh ar mhaith leo teagmháil a dhéanamh leis. Mínigh dóibh, 'Mar shampla, ar mhaith leat luí síos ar chadais mionstiallta nó é a chuimilt ar do leiceann nó ar mhaith leat gaineamh a chur i do phócaí?' Déanann na páistí mím ar an dóigh ar mhaith leo idirghníomhú a dhéanamh le gach rud a ghlaoítear amach.
3. Cuir gach babhla i líne dhíreach ar an urlár nó trasna boird. Iarr ar na páistí líne a dhéanamh taobh thiar de ne cinn a thaitin agus na cinn nár thaitin leo. 'Déan líne taobh thiar de ghaineamh más maith leat tadhall a dhéanamh le gaineamh.' 'Déan líne taobh thiar de na pónairí más maith leat tadhall a dhéanamh le pónairí.' 'Déan líne taobh thiar den uisce muna maith leat tadhall a dhéanamh le huisce.' Déan líne taobh thiar den taos má cheapann tú go mothaíonn sé samhnasach. 'Déan líne taobh thiar de dhuilleoga má cheapann tú go bhfuil siad tochasach.' 'Déan líne taobh thiar de na mirlíní má cheapann tú go bhfuil siad suaimhneach.' 'Déan líne taobh thiar de na lintilí má cheapann tú go bhfuil sé sultmhar tadhall a dhéanamh leo.' Agus araile.

NNótaí ar an Ionchuimsiú

Má bhíonn páiste agat i do ghrúpa le soghluaiseacht teoranta nó le cathaoir rotha is féidir na treoracha a athrú dá réir sin. Seachas iarr ar an pháiste luí ar an urlár is féidir leo geáitsíocht difriúil a dhéanamh, ceann gur féidir le gach duine a dhéanamh go héasca. Nó tabhair níos mó ná rogha amháin dóibh sa dóigh is go bhfuil moladh do gach duine. Muna bhfuil páiste in ann mím a dhéanamh is féidir roghanna eile a beith ann cosúil le a bheith ag inse don ghrúpa.

Machnamh

Suigh leis an ghrúpa agus tabhair cuireadh do na páistí plé a dhéanamh ar cad é a d'fhoghlaim siad ó na gníomhaíochtaí seo trí úsáid a bhaint as na ceisteanna seo:

1. An ndearna tú tadhall le rud ar bith nua inniu?
2. Ar fhoghlaim tú rud ar bith nua?
3. An maith leat tadhall a dhéanamh le rudaí chun níos mó a fhoghlaim futhu?
4. Ar fhoghlaim tú rud ar bith faoi rud éigin trí tadhall a dhéanamh leis inniu?
5. Cad é an rud a chuir áthas ort nuair a rinne tú tadhall leis?
6. An raibh mothúcháin eile agat agus tú ag déanamh tadhall le rudaí?
7. Ar chuir rud ar bith rud éigin i gcuimhne duit?
8. An ndearna tú crith nuair a rinne tú tadhall le rud ar bith?
9. An raibh tadhall difriúil le rud ar bith ná an rud a raibh tú ag dúil leis agus tú ag amharc air?
10. An raibh dúil ag gach duine tadhall a dhéanamh leis na rudaí céanna nó rudaí difriúla?

Foghlaim Leanúnach

Is féidir taifead nó tiomsú a dhéanamh ar na ráitis agus póstaer ranga nó fíorúil á dhéanamh ag taispeáint cad é a d'fhoghlaim siad faoina gcéadfaí, faoina mothúcháin mar gheall ar na céadfaí agus an dóigh a mbíonn rogha céadfach difriúil ag daoine agus araile.

Seachtain 4: Ag cumarsáideadh lenár gcorp

Sa ghníomhaíocht seo taiscéalaimid an dóigh a bhaineann an teanga choirp leis an timpeallacht. Foghlaimíonn muid freisin cad é mar a thig linn a bheith inár mbleachtairí agus staidéar a dhéanamh ar theanga choirp ár gcairde le hoibriú amach cén fáth a bhfuil siad trína chéile. Foghlaimímid go n-úsáideann daoine teanga choirp ar bhealaí difriúla agus go mbaineann a dteanga choirp go sonrach leo féin.

Seo script is féidir a úsáid leis an topaic a phlé:

> An raibh a fhios agat go dtugann daoine comharthaí agus teachtaireachtaí gan focail a úsáid. Is féidir leis an chorp a bheith ag labhairt linn má éistimid lenár súile!

Gníomhaíocht 1

Iarr ar na páistí aisteoireacht a dhéanmah ar na freagairtí seo a leannas, ag cur béime nach bhfuil freagra nó bealach le cur in iúl atá mícheart.

Is féidir na ceisteanna seo a úsáid mar script le forbairt a dhéanamh orthu:

> Cén gheáitsíocht a dhéanfadh duine dá mbeadh na fuaimeanna timpeall orthu ró-ard?
>
> Cén gheáitsíocht a dhéanfadh duine dá mbeadh na soilse ró-gheal dóibh?
>
> Cén gheáitsíocht a dhéanfadh duine dá mba rud nár mhaith leo uigeacht rud éigin?
>
> Cén gheáitsíocht a dhéanfadh duine éigin dá mbeadh rudaí ró-ghnóthach timpeall orthu?
>
> Cén gheáitsíocht a dhéanfadh duine dá mba rud é nach maith leo an blas atá le rud éigin?
>
> An bhfuil sibh in ann samplaí eile a thabhairt de rudaí eile timpeall oraibh nach bhfuil pléisiúrtha a d'fhéadfadh muid aisteoireacht a dhéanamh orthu?

Gníomhaíocht 2

Iarr ar na páistí geáitsíochtaí difriúla ó ghníomhaíocht 1 a úsáid le tionscnamh ealaíne a chruthú.

Is féidir leo tarraingt, greanán a dhéanamh, colláis, macasamhail 3T, páipéar maché a úsáid nó a modh féin a roghnú leis na geáitsíochtaí a rinne siad i ngíomhaíocht 1 a léiriú. Taispeánfaidh ealaín s'acu na bealaí gur féidir linn ár mothúcháin a chur in iúl nuair a bhraitheann muid go bhfuil rudaí míphléisiúrtha dúinn..

Gníomhaíocht 3

Roinn na páistí i ngrúpaí de 3 nó 4. Iarr orthu radharc míme drámaitiúil a chruthú ina ndéanann duine amháin aisteoireacht ar mhothúcháin mhóra gan focail nó fuaimeanna ar bith a úsáid.

Tóg roinnt ama le míniú gur mothúcháin mhóra iad mothúcháin a phlúchtann agus a ghlacann seilbh orainn. Thiocfadh linn a bheith rud beag brónach ach dul ar aghaidh leis an lá ach d'fhéadfadh mothúchán mór muid a chur trína chéile agus bhrisfeadh muid síos ag caoineadh. Is minic a stopann mothúcháin mhóra muid de bheith ag déanamh na rudaí a ba mhaith linn a dhéanamh agus tá sé sin maith go leor mar caithfidh muid ár mothúcháin a eispéireadh. Tá sé tábhachtach ár mothúcháin a léiriú nuair is maith linn. Má bhíonn muid ag braithint rudaí atá míchompordach nó pianmhar ciallaíonn sé sin go bhfuil mothúcháin mhóra orainn. Má tá fuaimeanna ró-mhór beidh freagairt mhór againn air. Má tá na soilse ró-gheal beidh freagairt 'gheal' againn air seo. Má tá na héadaí tochasach beidh freagairt mhór againn air seo, freagairt 'tochasach'!

In amanna bíonn sé deacair oibriú amach cá has a bhfuil na mothúcháin mhóra ag teacht ann. B'fhéidir go gcaithfidh muid a bheith inár mbleachtairí leis na cúiseanna a fháil amach. Sna radharcanna is féidir leis na páistí a gcnámhscéal féin a chumadh chomh maith lena gcúiseanna do na mothúcháin mhóra.

Ar dtús bíodh plégrúpa agaibh faoin mhothúchán mór atá ann. Ansin déan cinneadh ar chúis an mhothúcháin mhóir. Ansin roghnaigh an duine (nó b'fhéidir go dtoileoidh duine éigin) atá ag dul a dhéanamh aisteoireachta ar an mhothúchán mór.

Is bleachtairí iad na daoine eile sa ghrúpa a 'éisteann' leis an teanga choirp lena súile. B'fhéidir go mbainfidh siad sult as teiliscóip nó gloiní méadaithe a bheith acu le go mbeidh siad in ann díriú isteach ar an teanga choirp. I ndiaidh do na bleachtairí breathnadóireacht a dhéanmah ar na geáitsíochtaí taispeánann siad do gach duine cad é is féidir a dhéanamh sa timpeallacht le bac a chur ar an mhothúchán mór a bheith ag éirí ró-mhór, agus mar thoradh air sin, ag cur bac ar an pháiste de bheith ag déanamh rudaí a ba mhaith leo.

Machnamh

D'fhéadfá grafac a tharraingt le achoimre a dhéanamh ar na smaointe ó cheacht an lae inniu. D'fhéadfadh sé a bheith mar seo thíos agus is féidir na gnéithe ón timpeallacht, na céadfaí meallta , na mothúcháin agus na geáitsíochtaí ó na radharcanna a chur isteach ann. Is féidir na moltaí ar fad a bhí ag na páistí mar shampla, 'athraithe is féidir linn a dhéanamh', nó 'timpeallacht ionchuimsithe a chruthú' nó teideal ar bith atá feiliúnach do do ghrúpa.



Foghlaim Leanúnach

Is féidir leis na páistí dánta, rímeanna nó amhráin a chumadh dár teideal "Mo Bhríste Tochasach" nó "Tá sé Ró-Ghlórmhar", nó "Labhrann mo Chorp", nó teideal ar bith eile a ba mhaith leo.

Seachtain 5: Ag foghlaim ar bhealaí éagsúla

Sa ghníomhaíocht seo déanann muid iniúchadh ar cad é mar a bhíonn daoine ag foghlaim. Foghlaimíonn muid faoin fhoghlaim! Cabhraíonn na gníomhaíochtaí seo leis an pháiste agus leatsa tuiscint a bheith ann faoina stíleanna foghlamtha agus faoi stíleanna foghlamtha daoine eile. In amanna cruthaíonn ár gcórais seacmall go bhfoghlaimíonn roinnt daoine níos fearr nó níos tapúla na daoine eile.

Go réadúlach cé go bhfuil páistí ag foghlaim ar bhealaí difriúla agus faoi ghnéithe de na topaicí céanna nach nglacann an córas leo agus nach féidir a mheas ag úsáid na n-uirlisí measúnaithe reatha. Mar gheall ar an dóigh a bhfuil an córas mothaíonn go leor páistí go bhfuil siad 'ar chúl' páistí eile nó go bhfuil páistí eile 'taobh thiar' dóibh.

Déanann ár gcóras oideachasúil éascú ar an chinéal tuiscint líneach agus níl sé seo cabhrach do dhuine ar bith. Cuthaíonn sé deighilt agus ardchéimíocht feabhais. Tá sé tábhachtach go gceistíonn muid agus go n-athraíonn muid na smaointe seo. Níl foghlaimeoirí malla ann, agus dá múinfeadh muid ar na bealaí éagsúla ina bhfoghlaimíonn siad d'aithneodh muid é sin.

Cluiche cuimhneacháin: Chuaigh mé chuig an siopa

Iarr ar an rang suí i gciorcal.

Mínigh go bhfuil sibh ag dul a dhéanamh liosta siopadóireachta do shiopa a dhíolann gach uile rud ar an domhan. Cum ainm greannmhar don siopa, mar shampla An Siopa Bibblíbobblíboncar, trí mholtaí a fháil óna páistí.

Tosaíonn an chéad pháiste le 'chuaigh mé chuig an siopa agus cheannaigh mé (earra anseo) mar shampla, banana. Ansin deir an dara páiste an t-earra na chéad duine agus cuireann siad a gceann fein leis. Mar shampla, 'chuaigh mé chuig an siopa agus cheannaigh mé banana agus capall'. Cuireann gach páiste a n-earra féin leis an liosta. Muna bhfuil cuimhne acu ar rud éigin a dúirt daoine rompu is féidir le daoine cabhrú leo trí mím a dhéanamh den earra. Tugann sé seo gné sultmhar, tacúil agus comhoibritheach don chluiche agus tugann sé deis foighne agus cineáltas a thaispeáint dá bpíoraí. Is é aidhm an chluiche go mbeidh an duine deireanach ábalta an liosta ar fad a ainmniú le tacaíocht óna baill foirne más gá.

Nótaí ar an ionchuimsiú

Más fearr le roinnt páistí suí áit éigin eile tá sé sin maith go leor. Muna bhfuil roinnt páistí ag iarraidh páirt a ghlacadh agus breathnadóireacht a dhéanamh tá sé sin maith go leor freisin.

Nuair a fhiafraítear moltaí díobh tá sé tábhachtach a bheith feasach gur féidir neamhaird a dheánamh ar roinnt páistí i bhfabhar píoraí a bhíonn níos muiníní. Bíonn roinnt páistí ann agus ní ghlactar choíche lena moltaí. Bíonn roinnt páistí a scairteann na freagraí amach le fuinneamh ach bíonn roinnt páistí eile agus caithfear iarraidh orthu go pearsanta ionchur s'acu a thabhairt. Beidh léibhéil difriúla de mhuinín ag gach duine agus mar sin de tá sé tábhachtach daoine a ionchuimsiú a mhothaíonn go minic go bhfuiltear ag labhairt ar a son i suíomh ghrúpa. Ar mhaithe le cothroime ba chóir na moltaí ar fad a chumasc le ainm siopa fada casta (agus is dócha

sár-amaideach) a dhéanamh.

B'fhéidir go mbeidh níos mó ama ag páistí smaoineamh ar a moltaí agus mar sin de b'fhéidir go mbeifeá in ann a rá leo seachtain chun tosaigh le go mbeidh siad ábalta smaointe a chur le chéile.

Go minic bíonn treoir mar 'smaoinigh ar ainm siopa' ró-éiginnte do roinnt páistí, go háirithe radharc-smaointeoirí agus is féidir treoracha níos sonraí cabhrú leo teacht ar smaoineamh. Mar shampla, d'fhéadfá leanúint ar aghaidh le b'fhéidir dath is maith leat, nó rud a fhaigheann tú ar an trá, nó rud nó focal éigin a dhéanann fuaim ghreannmhar'.

D'fhéadfá samplaí de do chuid féin a thabhairt don pháiste a bhíonn ró-imníoch faoin rud mícheart a rá (cé nach mbíonn freagra ar bith mícheart). Is féidir go gcuirfeadh sé ar a suaimhneas iad chomh maith le sampla níos sóiléire a thabhairt.

Tá sé tábhachtach glacadh leis na moltaí ar fad agus buíochas a ghabháil as a smaointe.

Plé:

1. Cé a fuair an cluiche seo éasca?
2. Cé a fuair é deacair?
3. Cad é mar a chuimhnigh tú ar na hearraí ar an liosta; an bhfaca tú i d'intinn iad? Ar mheaitseáil tú an t-earra leis an duine? Ar chum tú rím nó patrún i d'intinn? Cad iad na bealaí eile atá againn le foghlaim agus le bheith ag cuimhniú?
4. An raibh sé níos deacra ar dhaoine ag tús nó ag deireadh an chiorcail?
5. Ar mhúin sé seo dúinn rud ar bith faoin bhealach a bhfoghlaimíonn daoine?
6. An mbíonn muid ar fad ag foghlaim ar bhealaí difriúla?
7. An bhfuil bealaí ar bith gurb fhéidir an cluiche seo a dhéanamh níos éasca duit? (mar shampla dá mbeifeá ábalta pictiúr a tharraingt de na hearraí)
8. Cad é mar a thiocfadh linn an cluiche seo a dhéanamh níos deacra do pháistí?
9. Cad e mar a mhothaigh sé a bheith ag obair le chéile mar fhoireann?
10. Ar scoil bíonn muid ar fad ag foghlaim ar bhealaí difriula. Bíonn roinnt againn ag foghlaim trí bheith ag déanamh, roinnt againn trí bheith ag breathnú, ag éisteacht, ag léamh, ag oibriú rudaí amach muid féin, trí bheith ag baint trialach as rudaí, ag tarraingt, ag cur ceisteanna, ag bogadh, ag caint le daoine eile. An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar bhealaí eile? Agus bíonn muid ag foghlaim trí bheith ag úsáid meascán de na bealaí seo.

Machnamh

Foghlaimíonn muid ar fad. Foghlaimíonn gach duine. Bíonn suim ag roinnt againn in áiteanna difriúla ar an domhan agus b'fhéidir gur mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi na háiteanna sin ná faoi áiteanna eile. Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith le daoine foghlaim faoin spás, b'fhéidir gur mhaith le daoine foghlaim faoi fhocail, b'fhéidir gur mhaith le duine eile foghlaim faoi dhamhsa nó faoi ghluaiseacht. Bíonn muid ag fáil amach an t-am ar fad.

1. Cad iad na bealaí is maith leat a bheith ag foghlaim?
2. Cad é faoi ar maith leat a bheith ag foghlaim?

Féinmhúineadh

Cén saghas rudaí a d'fhoghlaim tú nár mhúin duine ar bith duit? An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar rudaí a mhúin tú díot féin? Cad é mar a mhúin tú tú fein?

Foghlaim Leanúnach

Cum carachtar is maith leo a bheith ag foghlaim. Tabhair ainm greannmhar dóibh. Inis scéal faoin charactar a théann ar thuras na foghlama. Tosaíonn an scéal le do charactar gafa ar oileán gan rud ar bith ach rothar, cleite agus na héadaí atá orthu. Cad é mar a imíonn siad ón oileán? Cad iad na rudaí a fhoghlaimíonn siad nó a mhúineann siad dóibh féin le himeacht ón oileán?

Roinn do scéal le daoine eile bealach ar bith is maith leat: trí dhamhsa, aisteoireacht, mím, tarraingt, greannán a dhéanamh, trí scéal a inse, dán a scríobh nó a aithris nó bealach ar bith a smaoiníonn tú air.

Seachtain 6: Bímid ar fad ag cumarsáideadh ar bhealaí éagsúla

Leis an ghníomhaíocht seo déanaimid iniúchadh ar cad is cumarsáid ann agus cad iad na bealaí ar fad is féidir a bheith ag cumarsáideadh. B'fhéidir gur smaoineamh maith é cur i gcuimhne do na páistí faoi theanga choirp a clúdaíodh i seachtain 4.

Plé:

1. Cad is cumarsáid ann?
2. Cad é mar a bhíonn muid ag cumarsáideadh?
3. Cad é mar a bhíonn muid ag cumarsáideadh gan labhairt?

Is deis iontach í seo an smaoineamh go ndéanann roinnt againn cumarsáid gan labhairt a chur os gcomhair na bpáistí. Mar shampla, úsáideann daoine bodhra teanga comharthaíochta. D'fhéadfá físeán do dhaoine ag comharthú a thaispeáin muna bhfuil comharthóirí i do ghrúpa.

Is féidir le daoine nach n-úsáideann fuaimeanna béil CMB a úsáid, a sheasann do Chumarsáid Mhalartach agus Bhreisitheach. Is éard atá in CMB ná rud ar bith nach labhairt é, mar sin de, teanga chomharthaíochta, ríomhphostanna, téacsanna, íomhanna, gléasanna a athraíonn téacs go labhairt don úsáideoir agus araile.

Tá sé tábhachtach go bhfuil meas ar gach cineál modh cumarsáide agus go bhfeictear go co-throm orthu mar bíonn drochnós againn an labhairt a chur chun tosaigh. Má tá tú ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi CMB tá cúrsa saor in aisce againn faoi ar chainéal YouTube AUsome Training.

4. Cad é mar is féidir a bheith ag cumarsáideadh gan focail?
5. An féidir cumarsáid a dhéanamh le daoine a bhfuil teanga dhifriúil acu uainn?

Beannachtaí

Iarr ar na páistí bogadh timpeall an tseomra. Agus iad ag bualadh lena bpíoraí beannaíonn siad dá chéile ar bhealaí difriúla. Tabhair go leor ama dóibh leis an chluiche le iniúchadh a dhéanamh ar go leor bealaí difriúla le beannú do dhaoine. Cuir i gcuimhne dóibh focail a úsáid, lámh a chroitheadh, a gcorp a úsáid agus araile. Thiocfadh leat treoracha cinnte a chur leis mar:

- Beannaigh dá chéile gan ach do chloigeann a úsáid
- Beannaigh dá chéile gan ach d'uileann a úsáid
- Beannaigh dá chéile gan focail nó fuaimeanna a úsáid
- Beannaigh dá chéile amhail is gur arrachtaí sibh
- Beannaigh dá chéile gan aghaidh a thabhairt ar a chéile
- Croith cuid do do chorp le haigh a rá
- Croith do chos le haigh a rá
- Cum comhartha rúnda leis an duine is giorra duit
- Beannaigh dá chéile amhail is gur mionbheithigh sibh
- Abair haigh i dteanga chumtha

Colláis

Bailigh na háiseanna ealaíne le chéile le colláis a dhéanamh leis an ghrúpa, nó cúpla colláis, ag bráth ar an méid atá sa ghrúpa.

Is é 'ag labhairt ar bhealaí difriúla' teideal na colláise. Bain úsáid as irisleabhair, páipéar nuachtáin, pictiúir na bpáistí agus ábhair eile, glisearnach, 7rl, agus déan colláis mhór ag taispeáint na mbealaí éagsúla atá againn le cumarsáid a dhéanamh. Mar shampla, teanga choirp, labhairt, teanga chomharthaíochta, CMB, léirithe aghaidhe, téacsanna, ríomhphostanna, glaonna fóin, na meáin sóisialta, litreacha, nótáí, 7rl.

Nuair atá an cholláis réidh croch in áit éigin taobh amuigh de do sheomra í le go bhfoghlaimeoidh daoine eile uaithi

Foghlaim Leanúnach

Bíodh lá nó cuid de lá ann ina gcaitheann gach duine an t-am áirithe sin ag cumarsáideadh gan labhairt.

Seachtain 7: Ag fágáil daoine ar lár

Iniata leis an ghníomhaíocht seo tá script a dhéanann iniúchadh ar an ionchuimsiú. Tá plé ina diaidh. Is féidir go bhfuil roinnt páistí goilliúnach ar thopaic na bulaíochta, go háirithe más íospartach di iad. B'fhéidir go mbeidh siad goilliúnach ar chuid de na líntí sa script ina bhfuil daoine míchíneálta. Moltar é seo a bheith i d'intinn agat agus a mhíniú roimhré go bhfuil tú ag dul a léamh dráma sa dóigh is go mbeidh réiteach ar na rudáí ar fad nach bhfuil go deas ann. Déan cinnte inse dóibh go bhfuil deireadh sona leis.

Déan cóip do gach páiste agus aibhsigh na lintí cuí ann do gach páiste. Aibhsigh a líntí féin chomh maith leis na líntí a deir siad le daoine eile. Scaip amach iad agus ar aghaidh libh!

Tabhair carachtar do na páistí.

Is féidir líntí na bpáistí a roinnt níos mó má tá tuilleadh páirteanna de dhíth nó is féidir iad a roinnt i ngrúpaí seachas caractair aonaracha. Má bhíonn grúpa beag agat is féidir iarraidh ar pháistí cúpla ról a bheith acu. Déan an rud is feiliúnaí do do ghrúpa.

Má bhíonn páistí sa ghrúpa nach bhfuil compordach a bheith ag aisteoireacht is féidir leo a bheith ina leas-bhainisteoirí stáitse. Is féidir leo cabhrú le hábhair, dearadh stáitse, póstaer a dhéanamh don dráma nó do gach carachtar, 7rl.

Léigh an dráma le do ghrúpa. Muna bhfuil léamh ag do ghrúpa nó cuid de do ghrúpa is féidir leo athrá a dhéanamh ortsa ag léamh na línte. Is féidir é seo a dhéanamh freisin do dhaoine nach maith leo a bheith ag léamh amach os comhair daoine eile. Bainigí sult as! Tógaigí fearais agus cultacha isteach. Cuir beocht le scéal Glogbert!



GLOGBERT

Glogbert

Ainm an Pháiste: _____

Carachtar: _____

Na Carachtair:

Glogbert an tArracht
Múinteoir Spaghetti
Tráchtaire 1
Tráchtaire 2
Alex
Jamie
Frankie
Riley
Elliott
Charlie
Rory
Leslie

Radharc 1: *An seomra ranga. Glogbert i lár an stáitse, bulaithe ag na taobhanna.*

Glogbert: Tá mé anois ar an phláinéad seo agus istigh i scoil nua
Ach ní maith le duine ar bith mé, is mór an trua!

Frankie: Tá an iomarca súiteora agat is an iomarca lámh,
Níl tú cliste is níl tú tú in ann snámh.

Riley: Imigh leat abhaile, imigh leat ón chlós,
Níl fáilte romhat, an bhfuil tú imithe fós?

[tagann an múinteoir]

Múinteoir: Cuirimis fáilte roimh Globert a tháinig chugainn ón spás,
Tá súil againn go mbeidh tú sona linn is ábalta fás.

B**ulaithe:** Tháinig tú bealach fada, deas bualadh leat a chroí,
Ba mhaith linn a bheith ag foghlaim leat agus ag spraoi,
[de chogar] Beidh muid cineálta leat nuair a fheiceann an múinteoir muid,
Ach fan go dtí am lóin agus beidh muid ag troid.

Buaillteart an clog [Imíonn na páistí ón stáitse]

Dúntar na cuirtíní.

Radharc 2: *Glogbert ar an stáitse*
Osclaítear na cuirtíní.

Glogbert: Ó bhó cad atá déanta agam? Tá mé an-uaigneach,
Ba mhaith liom dul abhaile is a bheith i mo theach.

[Tagann na bulaithe ar fad isteach]

Leslie: Cén fáth a bhfuil tú aisteach, ní maith linn tú
Tá tú clúdaithe le sláthach, is clúdaithe le gú.

Bulaithe: Is cairde muidne, le chéile i gcónaí,
Ní thig leat a bheith páirteach, níl dabht ar bith faoi.

Glogbert: Más é bhur dtoil é an gcuirfidh sibh aithne orm?
Tá mé sach deas cé go bhfuil mé gorm.

Buailtear an clog
Dúntar na cuirtíní

Radharc 3: *Seasann an múinteoir ar chlé, suíonn na daltaí ar fad síos os a gcomhair*
Osclaítear na cuirtíní.

Múinteoir: A pháistí tá fadhb againn, tá an cúl báire tinn,
Caithfidh muid imreoir a fháil le bheith ag imirt linn.
Níl mórán ama againn, tá an cluiche amárach,
Muna n-imrímid é beidh gach duine brónach.

Glogbert: [ardaíonn sé braiteog] Thig liomsa é a dhéanamh, cinnte gan stró,
D'fhoghlaim mé é agus mé sa UFO.

[ligeann na páistí cnead astu agus cuma shuaite orthu]

Múinteoir: Ó gan dabht 'sé sin an rud is fearr,
agus gearrfaidh muid níos mó poll duit i do barr.

[ochlán ó na bulaithe]

Radharc 4: *Lá an chluiche – taobh na páirce. Daltaí ar fad ar stáitse.*

[bailíonn na bulaithe le chéile, tá Glogbert taobh amuigh den chiorcal]

Bulaithe (ag cogarnaigh) Is cuma sa tsioc má deir an múinteoir sin,
Ní tusa an cúl báire, ní féidir leat a bheith linn,
Imreoidh muid an cluiche gan duine sa chúl,
Agus is féidir leatsa imeacht, imeacht de shiúl.

[tá an tArracht brónach, imíonn na bulaithe, suíonn an tArracht síos ar an bhinse]

Dúntar na cuirtíní.

Tráchtaire1: Agus leath ama ag teannadh linn,
Tá muid ag cailiúint le 9 gcúl is ní maith é sin.

Tráchtaire 2: Is léir dúinn anois go bhfuil muid imreoir gann,
Agus caithfidh muid a chinntiú go bhfuil an cúl lán.

[ritheann an fhoireann ar an stáitse agus díoma orthu]

Alex: Tá smaoineamh agam, tá sé oibrithe amach,
Lena lámha go léir, cuirfidh muid Glogbert isteach.

Jamie: Déanfaidh muid níos fearr, is féidir linn,
B'fhearr liom cailliúint ná a bheith ag imirt leis an rud sin.

Charlie: Tuigeann sibh ar fad go bhfuil Alex ceart,
Níl muid ag baint anois, ach le Glogbert déanfaidh muid beart.

Alex: Ligfidh muid do Glogbert a bheith mar chúl báire,
Agus níl sé deas go bhfuil gach dune ag gáire.

[cuma mhachnamhach ar na bulaithe]

Rory: A Glogbert a chara, an imreoidh tú ann?
Agus tú mar chúl báire beidh foireann iomlán.

Glogbert: Ó cinnte a chairde is ba mhaith liom a rá,
Oraibh anois ní bheidh aon díomá.

Dúntar na cuirtíní

Radharc 5:

Gach duine: *[ritheann siad isteach ag scairteadh]*
Bhú hú! Is seaimpíní muidne is bhain muid an-sult as,
Shábhaíl Glogbert gach cúl is d'úsáid sé gach cleas,
Míle buíochas as an chabhair leis an chluiche mór,
Chuir muid d'ainm ar an gheansaí scríofa in ór,
'Bhfuil tú sásta a bheith linn ar an fhoireann mar aon?
Tá fíorbhrón orainn go raibh muid chomh gránna leat féin,
Níor chóir dúinn a bheith suarach mar nach bhfuil tú mar a chéile linn,
Is muidne a bhí mícheart is tuigimid sin.

Glogbert: Leis na rudaí a rinne sibh mhothaigh mé dona,
Ach anois agus fáilte romhaim mothaím sona,
Nua agus difriúil bhí sé deacair orm,
Go háirithe is mé sleamhain, lámhach is gorm.

Gach duine: D'fhoghlaim muid go leor ó thosaigh tú linn,
Faoi ghlacadh le daoine, is fíor sin.
Glac le gach duine amach is amach,
Mar tá gach duine difriúil agus tá sé sin iontach.

Dúntar na cuirtíní.

Seachtain 8: Iniúchadh ar an ionchuimsiú fríd an drámaíocht

An tseachatin seo tá muid ag déanamh iniúchtha ar na smaointe a bhí sa dráma agus spreagaimid na páistí le iniúchadh a dhéanamh ar thionchar an eisiata ar an duine a fágadh ar lár agus ar an ghrúpa ar fad. I ndiaidh an dráma a léamh nó a chur i láthair bíodh plé agat leis na páistí. Is féidir an script seo a úsáid leis an plé a stiúradh

Plé

1. An raibh an dóigh ar caitheadh le Glogbert ag an tús cothrom?
2. Ar mhaith leat go gcaithfí leatsa mar sin?
3. Cén fáth a gceapann sibh gur caitheadh go dona le Glogbert?
4. Cad iad na bealaí eile a mbíonn daoine difiúil?
5. Cén dóigh ar chabhraigh difríochtaí Glogbert ag an deireadh?
6. Cad é a d'fhoghlaim tú ón scéal seo?
7. Cén fáth a gceapann tú go raibh na páistí chomh míchairdiúil ag tús an dráma?
8. Cén rud difriúil a d'fhéadfadh duine éigin a dhéanamh ag tús an dráma nuair a bhí na páistí eile ag magadh faoi?
9. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach daoine a ionchuimsiú? Dóibh agus dúinn féin?
10. Cén chaoi ar féidir ionchuimsiú a chinntiú inár gcluichí, inár gcomhrá, inár n-imeachtaí, inár saol 7rl?

Sa dráma bhí brón ar na páistí gur fhág siad Glogbert amach mar gur shábháil sé an cluiche ag an deireadh. Bhí sé úsáideach dóibh. An gceapann tú gur chóir daoine a ionchuimsiú nuair a fheicimid go bhfuil siad úsáideach dúinn nó daoine a chruthaigh go raibh siad úsáideach? Nó ar chóir dúinn a bheith lách agus cineálta agus ionchuimsiú a dhéanamh i gcónaí?

Tobchumadóireacht Mhachnamhach

I mbeirteanna déan aisteoireacht ar radharc nuair a thagann arracht nua chuig an ghrúpa agus go bhfuil an páiste cineálta agus fáilteach rompu ón tús. Cad é mar a mhothaíonn tú faoin radharc seo?

Gníomhaíocht mhachnamhach:

- Cad é is féidir a chur lenár léaráid a d'úsáid muid i seachtain 4 le go mbeidh smaointe ann faoi na dóigheanna gur féidir linn an timpeallacht sóisialta a athrú do gach duine inár ngrúpa?
- Cad é mar a bhí timpeallacht sóisialta Glogbert ag tús an dráma?
- Cad é mar a bhraith sé é seo?
- Cad é mar a mhothaigh sé é seo?
- Cad é mar a thaispeáin sé é seo lena theanga choirp agus cad iad na hathraithe a rinneadh sa dráma a rinne a saol sóisialta níos fearr dó?



Foghlaim leanúnach

Cleachtaigh an dráma go gceann roinnt seachtainí agus ansin léirigh é do lucht féachana. Thiocfadh libh plé a bheith agaibh leis an lucht féachana cosúil leis an phlé a bhí againn ag deireadh na léirithe an tseachtain seo.

Seachtain 9: Obair chomhoibritheach agus réiteach choimhlinte

Obair Chomhoibritheach agus Réiteach Choimhlinte

An tseachtain seo dírítear ar a bheith ag obair le chéile agus réiteach choimhlinte. Is féidir cur i gcuimhne do na páistí an dóigh ar oibrigh siad chomh maith sin le chéile agus gur réitigh siad go leor coimhlintí sna tobchumadóireachtaí machnamhacha. Is féiiri trácht a dhéanamh ar shamplaí eile d'amanna eile inár oibrigh siad go maith lena chéile. Is féidir chomh maith, aird a dhíriú ar na hócáidí áille seo agus sibh ag bogadh ar aghaidh.

Lean an Ceannaire

Glacann gach páiste seal mar cheannaire ar an ghrúpa. Ar dtús, eagraíonn na páistí iad féin i líne. Ansin roghnaítear an chéad cheannaire nó toileann siad iad féin. Déanann an ceannaire geáitsíocht nó gluaiseacht agus iad ag siúl timpeall an tseomra i 'dtraein', agus an líne á leanúint. Athraíonn an ceannaire geáitsíochtaí go minic agus déanann gach duine aithris orthu. Ansin bíonn an chéad duine eile ina ceannaire agus bogann an ceannaire go deireadh na líne. Leantar ar aghaidh leis an chluiche go dtí go bhfuil seal mar cheannaire ag gach duine atá ag iarraidh.

Gafa sa chlabar ach tá gach duine air!

Tá sé seo díreach cosúil leis an chluiche traidisiúnta ach le casadh beag! Mar thús, faigheann na páistí spás le seasamh air atá chomh fada agus is féidir ó na daoine eile sa seomra nó sa halla. Míníonn tú go bhfuil an cluiche seo cosúil leis an cluiche Gafa. Nuair a deir tú, 'Gabh' tá gach duine 'air' rud a chiallaíonn gur féidir le gach duine breith ar gach duineeile. Má bheirtear ar dhuine rónn siad ar an spota mar réalt sa dóigh is gur féidir le páistí eile dul idir na cosa len iad a shaorú. Is féidir leis na daoine nach bhfuil gafa dul sa tóir ar dhaoine eile chomh maith le daoine a shaorú. Chomh luath is a bhíonn páiste saor arís is féidir leo dul ar aghaidh sa tóir ar dhaoine eile. Lean ar aghaidh leis an chluiche chomh fada is a ba mhaith leat nó go dtí go bhfuil duine amháin saor fágtha.

An tobchumadóireacht le fadhb a réiteach le chéile

Roinntear an grúpa i mbeirteanna. Má tá duine breise is féidir leatsa a bheith leo. Inis do na páistí go bhfuil siad ag dul a dhéanamh radhairc le chéile. Tá an radharc suite i siopa milseán.Tógann páiste amháin ról an tsiopadóra agus páiste eile ról tógálaí. (Déan iarracht rólanna steiréitipiciúil a sheachaint anseo – is féidir le cailíni a bheith ina dtógálaithe freisin!) Tosaíonn an radharc leis an tógálaí ag teacht isteach i siopa na milséan ag rá, 'Haigh, ba mhaith liom casúr' agus míníonn an siopadóir nach ndíolann siad ach milseáin. Leantar ar aghaigh leis an radharc agus ní thuigeann an tógálaí cén fáth nach féidir leis casúr a cheannach i siopa milseán. Fiafraigh de na páistí an bhfuil réiteach acu ar an fhadhb seo agus deireadh ag teacht leis an radharc.

Machnamh

Úsáid na ceisteanna seo le plé a stiúradh:

1. Cad í an fhadhb a bhí sa radharc seo a raibh réiteach de dhíth uirthi?

2. Cad iad na réitigh a bhí agat agus ag do pháirtnéirí uirthi?
3. An raibh sé deacair ag duine ar bith réiteach a fháil?
4. An raibh an bheirt charachtar sásta leis an réiteach?
5. Ar raibh an réiteach céanna agaibhse is a bhí ag grúpa eile?
6. An bhfuil réiteach ar bith eile ag duine ar bith nach raibh againn go dtí seo?
7. Cad é a d'fhoghlaim muid faoi réiteach fadhbanna sa ghníomhaíocht seo?
8. Cad é a thig linn a dhéanamh muna bhfuil muid in ann teacht ar réiteach muid féin?

Foghlaim Leanúnach

Is uirlís chumhachtach iad 'Sea agus Déanaimis' (cuirimis, téimis 7rl) chun radharcanna agus scéalta a thógáil. Is féidir iad a úsáid le cabhair a thabhairt do pháistí a bheith ag obair le chéile. Go minic bíonn sé deacair smaointe daoine eile a nascadh lenár gcuidse. Éiríonn páistí cleachtaithe le smaointe daoine eile a nascadh le chéile trí, 'Sea agus Déanaimis' a úsáid.

Seo mar a imríonn tú é:
I gciorcal déanann an chéad duine moladh mar, 'Téimis cois trá'. Glacann an duine ar dheis leis an mholadh trí 'téimis!' a rá chomh díograiseach agus is féidir. Ansin cuireann siad rud leis, mar shampla, déanaimis, cuirimis r7l. Cuireann siad rud éigin leis cosúil le, 'déanaimis ceapairí liamháis don phicnic.' Leantar ar aghaidh leis an chluiche go dtí gur chuir gach duine a bhí á iarraidh a smaoineamh féin isteach. Taispeánann an cluiche seo má ghlacann muid le smaoineamh duine éigin eile ansin is féidir tógáil air nó é a fhobairt ina scéal nó radharc nasctha.

Is féidir an cluiche seo a imirt i mbeirteanna agus iarraidh ar na péirí aisteoireacht a dhéanamh ar na radharcanna don ghrúpa. Is féidir 'Sea agus déanaimis' a úsáid mar chuimhneachán agus iad ag obair i ngrúpaí do cheachtanna nó do thionscadail eile.

Seachtain 10: Ag tarraingt gach rud le chéile

Ag tarraingt gach rud le chéile

Seo í an tseachtain deireanach dár gcúrsa ach ná bí an iomarca bróin ort, tá go leor smaointe againn don fhoghlaim leanúnach do do scoilse nó do do chlub sa chuid deireanach den leabhar. Déanfaidh muid achoimre ar an fhoghlaim ar fad an tseachtain seo. Chuir muid isteach gníomhaíochtaí dearfacha athdhearbhaithe. Bheadh sé ina sheift mhaith rud mar seo a dhéanamh ag tús an lae nó an tséisiúin le do pháistí agus sibh ag bogadh ar aghaidh.

Athdhearbhuithe fisiciúla agus gutha

Seo an script don cheacht seo:

Tosaimis trí spás pearsanta a fháil.

Is éard atá i spás pearsanta s'agam ná bolgán timpeall orm ar fad.

Faigh spás sa seomra nó sa halla. Is féidir leis a bheith i lár an tseomra nó sa chúinne nó áit ar bith idir an dá áit. Is féidir leis a bheith áit ar bith is maith leat agus a mothaíonn tú compordach inti.

Déan cinnte go bhfuil go leor spáis idir tú féin agus na daoine timpeall ort sa dóigh is nach bpléascann tú bolgán duine ar bith eile agus nach bpléascann siadsan do bholgánsa.

Abair i mo dhiaidh ag cur do gháitsíochtaí féin leis:

Seo é mo spás

Seo é mo SPÁSA

Tá mé iontach

Tá mé thar barr

Tá mé ar fheabhas

Tá mé cruthaitheach

Tá mé tuisceanach

Ta mé cineálta

Tá mé cúláilte

Tá mé cliste

Is mise mise!

Anois déanaimis aithris ar na líntí seo:

Smaoiním ar bhealaí iontacha

Foghlaimím ar bhealaí iontacha

Braithim ar bhealaí iontacha

Cuirim mé féin in iúl ar bhealaí iontacha

Roinnim ar bhealaí iontacha

Mothaím ar bhealaí iontacha

Tá mé iontach

Plé:

YIs féidir na ceisteanna seo a úsáid nó do chuid féin a chur leis chun an plé a stiúradh.

1. Cad é a d'fhoghlaim muid faoin Néara-éagsúlacht?
2. Cad é a d'fhoghlaim muid faoina chéile?
3. Cad é a d'fhoghlaim tú fút féin?
4. Cad é mar a thig linn a chinntíu go bhfuil muid ag déanamh ionchuimsithe ar gach duine ar scoil nó sa chlub?
5. An ndearna tú iarracht daoine a ionchuimsiú ó thosaigh muid INCLUDE?
6. Cad e mar thig linn a chinntiú go mothaíonn gach duine chomh tábhachtach lena chéile?
7. Cad é mar a thiocfadh linn gach rud a d'fhoghlaim muid a roinnt le daoine eile?

Feachtas Roinnte

Iarr ar do ghrúpa póstaer a dhearadh don chlub ag roinnt na dteachaireactaí tábhachhtacha a ba mhaith leo go mbeadh daoine eile eolach futhu. Ag bráth ar na hacmhainní atá agat d'fhéadfadh sibh:

- Vloganna a dhéanamh nó físeán grúpa
- Dráma a scríobh leis na páistí le cur ar an stáitse don scoil
- Amhrán a scríobh le chéile
- Dán nó rap a scríobh
- Scéal aonarach a scríobh agus a chur ar taispeántas
- Pictiúr aonarach a tharraingt agus a chur ar taispeántas
- Manadh a chruthú faoin Néara-éagsúlacht agus faoin ionchuimsiú agus póstaeir a dhearadh ag baint úsáid as an mhanadh.

Foghlaim Leanúnach

Dear feachtas leis na páistí chun na teachtaireachtaí tábhachtacha a roinnt taobh amuigh den scoil nó den chlub agus déan plé ar dhóigheanna éagsúla leis na teachtaireachtaí tábhachtacha a chur amach chuig an phobal.

- Déan póstáil faoi ar na meáin sóisialta
- Cuir ríomhpost chuig na tuismitheoirí
- Cuir ar shuíomh-ghréasán na scoile é
- Cuir bileoga agus póstaeir sna siopaí áitiúla
- Inis faoi do na daoine a mbualann tú leo

Tá súil againn gur bhain sibh sult as an chlár INCLUDE agus ba bhreá linn aiseolas a fháil uaibh. Tá foirm aiseolais ag cúl an leabhair is féidir á líonadh isteach agus í a sheoladh chugainn ag **info@konfidentkidz.ie**. Ba bhreá linn cloisteáil uaibh.

Clár do dhaltaí 8 - 12 bliain

Intreoir

Intreoir duitse

Cuirtear béim sa chlár seo ar thábhacht an ionchuimsithe agus an ghlactha. Don aoisghrúpa seo úsáidimid teicnící éagsúla le rannpháirtíocht na ndaltaí leis na topaicí a éascú. Cuirfidh na téamaí a úsáidimid sa chlár seo tacaíocht agus nasc le cuid mhór gnéithe de do churaclam. D'fhéadfaí cuid de na gníomhaiochtaí a úsáid mar intreoir don pholaitíocht, mar shampla, na gníomhaíochtaí ar déanamh rialacha.

Seachtain 1: An Néara-éagsúlacht a thabhairt isteach: Ag braith agus ag smaoineamh

Tugtar isteach coincheap na Néara-éagsúlachta an tseachtain seo. Tabharfaidh sé deis duit an topaic a ardú chomh maith leis na coincheapanna a bhaineann léi.

Intreoir do na páistí

Is féidir an script seo a úsáid leis an Néara-éagsúlacht a mhíniú don ghrúpa:

Is focal é an Néara-éagsúlacht a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar na bealaí difriúla a bhíonn daoine ag smaoineamh, ag braith, ag foghlaim agus ag cumarsáideadh. Eispéireann daoine daonna an saol ar go leor bealaí. Ní eispéireann duine ar bith an timpeallacht ar an bhealach céanna. Ciallaíonn sé seo go mbíonn ár bpeirspictíocht, ár smaointe agus ár mothúcháin féin againn.

Díreach mar a bhíonn aghaidheanna difriúla, dath gruaige, cruth sróine, brionglóidí, riachtanais, caithimh aimsire, liosta mianta, láidreachtaí, agus dúshláin againn bíonn eispéiris difriúla againn.

Sa chlár seo darb ainm INCLUDE caithfidh muid an chéad 10 seachtain eile ag foghlaim faoin bhealach le tuiscint níos fearr a bheith againn fúinn féin agus faoi dhaoine eile. Tiocfaidh muid ar bhealaí le bheith níos ionchuimsithe chomh maith.

Tosaimis!

Scéal ilchéadfach

Chuir an chlann Campalot gach rud sa charr agus ar aghaidh leo ar an mhotorbhealach le dul ar an turas campála is déanaí. Bhí páiste amháin i gclann Champalot darbh ainm Finn agus beirt tuismitheoirí darb ainm Chris agus Sam. Bhí an-dúil acu sa champáil agus dhéanadh siad go minic í.

Bhí an-sceitimíní orthu dul go dtí an Fhoraois Creakmore. Bhain siad ceann scríbe amach ag luí na gréine agus chonaic siad crainn arda bogacha agus loch álainn. B'áit fhoirfe í don champáil. Rith Finn agua a madadh Sona síos chuig an uisce. Rinne Sona lapadáil san uisce ag croitheadh a rubaill agus ag déanamh comhartha d'Fhinn teacht isteach leis. Rith Finn isteach san uisce, ag fluichadh a mbríste chuig na glúine.

Idir an dá linn bhí am deacair ag Chris agus ag Sam ag ardú an phobail. Chroith Chris an puball agus leag sé amach ar an talamh é. Bhí Sam ag tógáil na bpeigeanna agus trí thimpiste thit siad

ar fad amach ar charraig a bhí gar dóibh. Lig Chris béic as mar gur scanraíodh é leis an torann a rinne siad. I ndiaidh tamaill bhig d'éirigh leo an puball a chur suas agus tine champála a dhéanamh réidh don dinnéar. Rinne na lomáin cnagarnach ar an tine champála agus bhí na hispíní ag giosáil ar an fhriochtán. Mealladh Finn agus Sona ag boladh álainn ghiosála na n-ispíní. Rith siad ar ais agus thriomaigh siad iad féin ag an tine the chnagarnach. Bhí an méid sin ocrais orthu nár mhair na hispíní i bhfad!

I ndiaidh an dinnéir chuartaigh Finn sa mhála agus tharraing sé amach mála mór leamhachán. Chaith an chlann Campalot an chéad chúig nóiméad eile ag cur leamhachán ar na scibhéir. Líon an boladh ó na leamhacháin rósta an choill ar fad agus shéid sé i dtreo na gcampálaithe.

Rinne an chlann Campalittle dearmad bia a thabhairt leo ar an turas agus rinne siad spaisteoireacht anonn go dtí clann Campalot. Bhí áthas ar chlann Campalot na hearraí a roinnt agus shuigh siad timpeall ag canadh amhrán campála ar feadh an tráthnóna.

Thig leatsa an scéal seo a léamh do na páistí ar dtús.

Ansin cuir ceisteanna le tuiscint a chinntiú, mar:

- Cé a chuaigh ag campáil?
- Cé mhéad daoine a bhí sa chlann?
- Cad is ainm don pheata?
- Cad é an torann a scanraigh Chris?
- Cad é mar a thriomaigh Finn iad féin?
- Cad é a fuair Finn sa mhála?
- Cé a tháinig chuig chlann Campalot don tráthnóna?
- Meas tú cad é mar a las Clann Campalot an tine?
- Meas tú cén cinéal amhrán a chan clann Campalot agus Clann Campalittle in aice na tine?
- Meas tú cén fáth ar mhaith leis an chlann Campalot dul ag campáil?

Ansin léigh amach arís é agus iarr ar na páistí fuaimeanna a chur leis ag úsáid béil s'acu agus rudaí timpeall orthu. Is féidir leatsa stopadh agus iad ag déanamh na bhfuaimeanna. D'fhéadfá rudaí a thabhairt isteach a bheadh go maith le fuaimeanna a dhéanamh cosúil le scragall stáin, píosaí páipéir, píosa fada éadaigh, drumaí agus uirlísí eile, balúin líonta le rís nó rud ar birth eile a smaoiníonn tú air.

Nótaí don ionchuimsiú
B'fhéidir go mbeidh roinnt pástí goilliúnach ar fhuaimeanna éagsúla. Coinnigh súil ar fhreagrachtaí na bpáistí agus is féidir plúchadh a sheachaint. (féach seachtain 4 sa chlár d'aoisghrúpa 5-7 bliana le smaointe a fháil ar bhealaí leis seo a dhéanamh)

I ndiaidh do pháistí am a bheith acu iniúchadh a dhéanamh ar fhuaimeanna is féidir leo sos a ghlacadh agus teacht ar ais chugat le plé a dhéanamh.

Is féidir an script seo a úsáid le tús a chur leis an phlé:

> Anois tá muid a dul a dhéanamh iniúchtha ar smaoineamh.
>
> Is maith le clann Campalot an taobh amuigh. Tá daoine ann agus cabhraíonn an nadúr leo a bheith suaimhneach. Tá daoine ann agus cabhraíonn sé leo a bheith ag smaoineamh.
>
> Cén sort timpeallachta a chabhraíonn leat a bheith ag smaoineamh?
>
> An maith leat áiteanna ciúine nó áiteanna glómhara?
>
> An maith leat áiteanna ciúine in amanna agus áiteanna glómhara amanna eile?
>
> Cad iad na rudaí a chuireann isteach ar do chuid smaointe?
>
> An gceapann tú go bhféadfá foghlaim níos fearr a dhéanamh dá múinfí rudaí ar bhealaí éagsúla? Mar shampla, ag úsáid do lámha, ag bogadh timpeall, ag tarraingt nó ag cur ceisteanna?
>
> An bhfuil sé éasca duitse fadhbanna a réiteach i d'intinn nó an bhfuil sé éasca ort a bheith ag labhairt futhu nó iad a roinnt le duine fásta nó le cara a bhfuil muinín agat astu?

Ár saol a bhraithint

Roghnaigh 4 amhrán nó píosaí ceoil le mothuithe agus rithimí éagsúla. Tabhair scairfeanna nó píosaí éadaigh do na páistí le bogadh timpeall nó damhsa a dhéanamh leo agus an ceol á sheinm. Iarr orthu bogadh ar na bealaí a mothaíonn siad ón cheol. Mínigh nach bhfuil bealach ar bith mícheart leis an ghníomhaíocht seo a dhéanamh. Gluaiseann siad leis an ghiúmar a chuireann an ceol orthu.

Machnamh

Dean leagán mór den tábla seo sa dóigh is gur féidir ionchur gach duine a chur ar an tábla ar scaileán nó ar chlár.

Cad é a d'fhoghlaim muid faoin cheangail idir ár saol, ar gcéadfaí, ár mothúcháin agus an ghluaiseacht?

Cén cinéal ceoil?	Cad é mar a bhraitheann muid é?	Cén giúmar a chuir sé orainn?	Cad é mar a ghluais muid nó a léirigh muid é?

Foghlaim Leanúnach

Cum scéal iomlán céadfach leis na páistí. Iarr orthu rudaí a thabhairt isteach le húsáid, ní amháin le fuaimeanna a chur leis ach torthaí céadfacha eile.

Seo roinnt samplaí le tús a chur leis:

1. Is féidir leo éadach nó bráillíní a thabhairt isteach le croitheadh an phubaill a athchruthú.
2. Thiocfadh leo duilleoga a thabhairt isteach le talamh na foraoise a dhéanamh
3. Thiocfadh leo báisín uisce a úsáid le slaparnach an uisce a chruthú.
4. Is féidir bolaithe a chur leis trí ispíní a chócaireacht in oigheann micreathóin sa seomra nó sa halla.
5. Thiocfadh leo leamhacháin a thabhairt isteach le blaiseadh.
6. Agus déan aisteoireacht ar a bheith i do champálaithe, i do mhadadh, mar chrainn agus mar charr.

Seachtain 2: An Néara-éagsúlacht a thabhairt isteach: Cumarsáid a dhéanamh

An tseachtain seo tá muid ag dul a dhéanamh iniúctha ar stíleanna difriúla cumarsáide. Féachfaidh muid ar an dóigh ar féidir míthuiscint a bheith ann mar nach dtuigimid go bhfuil an fhéidearthacht ann go bhfuil bealach cumarsáide difriúil ag daoine. Díreach mar atá teangacha difriúla ar an domhan tá stíleanna cumarsáide difriúla ann freisin.

Cuir an Ghluaiseacht ar Aghaidh

Leis an chluiche seo déanfaidh muid iniúchadh ar an dóigh le cumarsáide neamhbhriathartha a dhéanamh agus freisin go dtig linn míchumarsáideadh nó rudaí a thuiscint go difriúil. Roinn an grúpa i línte de 5-7 duine. Iarr orthu seasamh i líne dhíreach an bealach céanna sa dóigh is go bhfuil siad ag féachaint ar dhroim an duine os a gcomhair. Casann an chéad imreoir timpeall, buaileann siad an chéad imreoir eile ar an ghualainn. Déanann siad aisteoireacht ar abairt an chéad imreora agus iad ag breathnú ar an dara imreoir. Glaíonn an dara imreoir ar an triú imreoir agus déanann siad aisteoireacht ar thuiscint s'acu ar an abairt. Leantar ar aghaidh leis an chluiche mar seo go dtí gur bhreathnaigh an t-imreoir deireanach ar an dara imreoir deireanach. Ag an phointe seo déanann an t-imreoir deireanach tomhas ar an tús-abairt. Is féidir leis na himreoirí eile a rá cad é a cheap siadsan a bhí ann.

Is féidir leis an chéad imreoir smaoineamh ar a n-abairt féin ach bheadh sé cabhrach abairtí réamhdhéanta a bheith ann ar eagla nach mothaíonn duine ar bith faoi bhrú smaoineamh ar abairt ar an spota.

Nótaí ar an ionchuimsiú
Níl gach duine compordach le tadhall, mar sin de, in áit tadhall ar an ghualainn is féidir ainm an duine a rá de chogar, nó mála pónaire beag a chaitheamh ar an urlár nuair a ba mhaith leo aird duine eile a fháil ag seal s'acu sa chluiche.

Ciallaíonn an imní shóisialta go dtig le páiste a bheith in ann smaoineamh ar abairt ach d'fhéadfadh drugall a bheith orthu í a roinnt mar ceisteoidh a gcomhrá intreach an mbeidh dúil ag duine eile inti, an gceapfaidh duine eile go bhfuil sí amaideach, an ndéanfaidh daoine eile gáire, an smaoineoidh daoine drochrudaí fúm 7rl. Le heachtraí ar imní is cúis leo a sheachaint, d'fhéadfá abairtí a bheith ullmhaithe agus priontáilte ar chartaí le tabhairt amach.

Bíonn sé an-chabhrach leis an chinéal gníomhaíochta seo má thaispeánann tú cad é le déanamh chomh maith le treoracha ó bhéal a thabhairt. D'fhéadfá é a thaispeáint le cúpla páiste agus tú ag míniú cad é atá le déanamh agus féachann na páistí eile air

Abairtí samplacha

1. Tá an práta te.
2. Tá mo bhríste trí thine.
3. Thit mé de mo chathaoir ag gáire.
4. Is breá liom nuigéisí sicíne.
5. Tá mo spéaclaí gréine cúláilte.

Mar is gnáth is féidir d'abairtí féin a chumadh atá feiliúnach do do ghrúpa.

Ceisteanna ar Chumarsáid a dhéanamh

1. Cad is cumarsáid ann?
2. Cad é mar a dhéanann duine cumarsáid?
3. Cén cinéal rudaí a chumarsáideann muid le chéile?
4. Muna labhraimid cad iad na bealaí eile gur féidir linn cumarsáid a dhéanamh?(téacs, teanga choirp, teanga chomharthaíochta, léirithe aghaidhe, iompar an choirp, geáitsíochtaí, ealaín, ceol, ríomhphost, 7rl)
5. Cad é a mhúin an cluiche 'cuir an ghluaiseacht ar aghaidh 'duit faoin chumarsáid?
6. Ar thomhas grúpa ar bith an abairt cheart?
7. An bhfuil an chumarsáid díreach nó an féidir míthuiscint a bheith ann?

Déanann roinnt daoine cumarsáid atá an-díreach. Seo script beag le iniúcadh a dhéanamh air seo:

Dráma 1 – Daoine a dhéanann cumarsáid díreach

Charlie:	An bhfuil cead agam suí ar an chathaoir seo le do thoil?
Ashley:	Tá cead agat.
Charlie:	Go raibh maith agat. Cad é mar atá tú inniu?
Ashley:	Tá mé rud beag tuirseach mar níor chodail mé ró-mhaith aréir. Cad é mar atá tusa?
Charlie:	Tá mé maith go leor go raibh maith agat. Ach tá mé rud beag neirbhíseach faoin scrúdú níos moille

Dráma 2- Daoine a dhéanann cumarsáid mhí-dhíreach

Bo:	An bhfuil duine ar bith ina suí anseo?
Gael:	Do rogha féin.
Bo:	Cad é mar atá tú inniu?
Geal:	Tá mé togha, agus tusa?
Bo:	Tá mise togha go raibh maith agat.

Dráma 3 – buaileann cumarsáideoir díreach le cumarsáideoir indíreach

Bo:	An bhfuil duine ar bith ina suí anseo?
Ashley:	Níl aon duine ina suí anseo, tá sí folamh.
Bo:	Sea, ach an bhfuil cead agam suí anseo?
Ashley:	Tá cead agat cinnte, cén fáth nach ndúirt tú amhlaidh? Tá fáilte romhat.
Bo:	Cad é mar atá tú inniu?
Ashley:	Tá mé go maith. Tá sceitimíní orm mar go bhfuil breithlá mo charad ann. Cad é mar atá tusa?
Bo:	Togha

Machnamh:

An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar shamplaí de theanga indíreach a úsáideann daoine a chuirfeadh daoine a úsáideann teanga dhíreach fríd a chéile?

An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar shamplaí de theanga dhíreach a úsáideann daoine a chuirfeadh daoine a úsáideann teanga indíreach fríd a chéile?

An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar bhealaí eile a dtarlaíonn míthuiscint idir daoine? (ní amháin focail labhartha ach teanga choirp san áireamh.)

Nótaí don éascaitheoir

Is minic nach ndéanann cumarsáideoirí néara-éagsúla teagmháil súl mar go mbíonn sé pianmhar, go gcuireann sé de bhuille an duine, go mbíonn sé ina chur isteach, ródhian nó míchompordach. Deis iontach a bheadh ann an cheist seo a thógáil agus plé a dhéanamh ar cad é mar a bheadh a fhios againn má bhíonn duine ag éisteacht linn ar bhealaí difriúla de chuid ionchais néara-tipiciúla.

Bheadh sé cabhrach chomh maith difríochtaí i dteanga choirp a ardú; mar shampla, go mbogann daoine thart agus iad ag éisteacht ach go bhfanann daoine eile ina suí socair agus go ndéanann siad teagmháil súl. Filleann daoine eile na lámha nuair a bhíonn siad compordach ag éisteacht le duine eile. Filleann daoine eile na lámha nuair a mhothaíonn siad cosantach agus araile. Le tuilleadh eolais a fháil ar dhifríochtaí sa chumarsáid, is féidir leat ár Konnect Series a léamh.

Seachtain 3: Mionlaigh agus Mórlaigh

Ar feadh coicíse rinne muid iniúchadh ar an dóigh a ndéanann gach duine an saol a eispéireadh ar bhealaí difriúla. In amanna eispéireann an chuid is mó de na daoine an saol ar bhealach amháin. Is iad seo an mórlach. Níl ann ach roinnt bheag daoine a eispéireann iad ar bhealach eile. Is iad seo an mionlach. Glacann daoine leis gurb é an bealach is coitianta an beaclach 'nórmálta' nó an bealach 'ceart'. Is féidir go gciallaíonn sé seo, má tá tú sa mhionlach, go gcaitheann daoine leat amhail is go bhfuil eispéireas s'agatsa neamhnormálta nó mícheart. An tseachtain seo déanfaidh muid iniúchadh ar cad é mar a mhothaíonn sé a bheith mar chuid den dá ghrúpa agus dóigheanna leis an dá ghrúpa a chur ag obair lena chéile.

Déan damhsa amaideach má...

Iarr ar do ghrúpa ciorcal a dhéanamh. Mínigh dóibh go bhfuil tú ag dul a ghlaoch amach cuir síos difriúla. Má bhaineann an cur síos leatsa bog go dtí lár an chiorcail agus dáan damhsa nó bogadh amaideach.

Nótaí ar an ionchuimsiú
Is féidir go mbeidh roinnt páistí féin-chomhfhiosach faoi dhamhsa amaideach a dhéanamh. Tá sé tábhachtach súil a choinneáil amach do fhreagairtí beaga go bhfuil an páiste ag mothú míchompordach. Mar shampla, scaoll tobann ar aghaidh dalta, nó ag iarraidh imeacht le dul chuig an leithreas, casadh na lámh, ag breathnú ciotach, agus araile. Is féidir leo lámh a chroitheadh nó gníomhaíocht ar bith a bhfuil siad compordach léi a dhéanamh. Má bhíonn tú ag athrú na gníomhaíochta tá sé tábhachtach ionchur na bpáistí a fháil sa dóigh is gur féidir leo réiteach nó réitigh a fháil a oibríonn do gach duine.

Is féidir na samplái thíos nó do shamplaí féin a úsáid

- Duine ar bith le gruaig dhonn
- Duine ar bith le gruaig chatach
- Duine ar bith le siblín
- Duine ar bith le níos mó ná 3 shiblín
- Duine ar bith gan siblín ar bith
- Duine ar bith a sheineann uirlís cheoil
- Duine ar bith is maith leo bándearg
- Duine ar bith a bhíonn dearmadach
- Duine ar bith is fuath leo glasraí.

Plé

Úsáid na ceisteanna thíos leis an plé a stiúradh:

1. Cé mhéad uair a bhí ort éirí agus damhsa a dhéanamh?
2. Ar éirigh gach duine le damhsa a dhéanamh an méid céanna uaireanta?
3. An raibh am ar bith nuair nár éirigh ach duine amháin?
4. An raibh am ann nuair a d'éirigh gach duine?
5. An raibh sé níos taitneamhaí an damhsa a dhéanamh le go leor daoine nó le níos lú daoine?

6. Cad é mar a mhothaigh sé a bheith sa ghrúpa le níos lú daoine?
7. Cad é mar a mhothaigh sé a bheith sa ghrúpa le níos mó daoine?
8. An gceapann tú go bhfuil sé níos deacra rudaí a dhéanamh agus tú mar chuid de ghrúpa mór nó de ghrúpa beag?

Mínigh don rang gur cuid de mhórlach muid in amanna agus gur cuid de mhionlach in amanna eile muid. Ní féidir le duine ar bith a bheith sa mhórlach an t-am ar fad. Is bealach le daoine a ghrúpáil iad mórlaigh agus mionlaigh. Ardaítear fadhbanna nuair a bhunaíonn daoine le cumhacht a gcinní bunaithe ar na grúpaí seo.

Ní gníomh toiliúil é an t-eisiamh i gcónaí, in amanna tarlaíonn sé trí thimpiste nuair a dhíríonn déantóirí na rialacha ar an mhórlach agus déanann said dearmad ar an mhionlach.

Nóta don mhúinteoir

Treoraigh plé leis na ceisteanna thíos. Is féidir cur leis na ceisteanna trí fiafraí de na páistí 'An bhfuil sé ceart?' 'An bhfuil sé loighciúil?' 'Cén fáth a bhfuil/nach bhfuil sé seo cothrom? 'Cad é mar a mhothódh na páistí eisithe?' An bhfuil fíorshamplaí ar bith de rialacha san fhíorshaol atá míchothrom agus a dhéanann eisiamh ar dhaoine?

Mar shampla an mbeadh sé cothrom dá gcinnfeadh príomhoide do scoilse:

1. Go bhfaigheann gach duine le súile gorma leath lá gach Céadaoin agus go bhfanann gach duine eile ar scoil?
2. Go bhfaigheann gach duine sa scoil le siblín milseáin Dé Luain?
3. Nach ndéanann duine ar bith a sheineann uirlís cheoil mata?
4. Nach bhfaigheann duine ar bith le gruaig chatach obair bhaile choíche?
5. Go bhfuil cead ag duine ar bith is maith leo bándearg a bpeata a thabhairt ar scoil?

Mínigh don rang nach ndéanann fíorphríomhoidí rialacha chomh hamaideach sin. Ach go ndéanann déantóirí rialacha roinnt rialacha míchothroma.

Déanaimis é seo a iniúchadh sa phlé machnamhach:

1. An bhfuil tú in ann smaoineamh ar mhionlaigh ar bith sa saol?
2. An gceapann tú go bhfuil sé cothrom go ndéantar eisiamh ar mhionlaigh níos minice?
3. An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar bhealach a d'fhéadfadh eisiamh a dhéanamh ar dhuine atá i mionlach?
4. An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar bhealach a d'fhéadfadh duine sa mhórlach na daoine sa mhionlach a mhothú níos ionchuimsithe?
5. An ndéarnadh eisiamh ort mar gheall go raibh tú sa mhionlach?
6. An bhfuil rudaí maithe ar bith fá a bheith sa mhionlach?

Foghlaim Leanúnach

Scríobhann na páistí cáirt cearta don scoil nó don chlub, rud éigin a chinntíonn go bhfuil rialacha ar bith a dhéantar ag ionchuimsiú gach duine agus a riachtanais agus ní amháin an mórlach.

Seachtain 4: Taiscáileadh a dhéanamh ar eispéaras na Néara-éagsúlachta

An tseachtain seo foghlaimíonn na páistí faoin Néara-éagsúlacht ag úsáid an dráma mar uirlís fhoghlamtha.

Is féidir an script a léamh mar ghrúpa. Is féidir níos mó carachtar a chur leis nó na línte a roinnt má bhíonn níos mó páirteanna uait. Thig leat é a léamh nó beocht a chur leis trí aisteoireacht a dhéanamh air, ag úsáid fearais agus cultacha. Thiocfadh libh é a chleachtadh ar feadh cúpla seachtaine agus é a léiriú os comhair daoine eile.

Nótaí: Tugann múinéadh na néara-éagsúlacht tríd an drámaíocht deis iontach iniúchadh a dhéanamh ar dhifríochtaí agus ionbhá a fhorbairt. Is dráma é **Aonach na nGairmeacha** a scríobh Orla Barry agus cara léi Kate Weighell agus atá curtha in oiriúint ag Evaleen Whelton. Tá duine d'ár gcaractair inspioráidithe ag ár gcara Brian Irwin.

San áireamh ins an dráma tá carachtair atá uathach, disléicseach agus diosgraifeach. Níl anseo ach samplaí den Néara-ilchineálach.

Scríobhadh ó phointe féachana Néara-éagsúil é agus is í an aidhm atá leis ná páistí a oiliúint ar an Néara-éagsúlacht tríd an drámaíocht ar bhealach dearfach.

Tá 13 charachtar sa dráma agus is féidir do charachtair féin a chur leis a oireann do riachtanais do ghrúpa féin. Tá an script oiriúnach do phaístí d'aois 8 mbliana agus níos sine. Tugann an drámaíocht deis do pháistí a bheith rannpháirteach agus cuireann sé iad i mbróga na gcarachtar Néara-éagsúla go liteartha agus mar sin de, cén bealach is fearr le páistí a mhúineadh faoin Néara-éagsúlacht ná iad a bheith rannpháirteach i ndráma! Tá sé cumhachtach freisin do pháistí Néara-éagsúla iad féin a fheiceáil léirithe i ndráma.

Tá an dráma seo thart ar 10 nóiméad d'fhad. Bainigí sult as!

Aonach na nGairmeacha

Carachtair:

Kate
Harry
Ben
Betty
Mark
Múinteoir Bird
Spásaire
Eolaí
Réalt Spóirt
Aisteoir
Aireagóir
Dearthóir Culaithe
Milliúnaí

Radharc 1: *Tá Kate i lár stáitse ag í ag féachaint ar phíosa páipéir. Tá cuma bhrónach uirthi. Tá Múinteoir Bird ag taobh an stáitse.*

Osclaítear na cuirtíní.

[Tagann triúr dá cairde, Martha, Betty and Leah]

Ben: Ní chreidim go bhfuair mé an litriú ar fad ceart. Bhú hú!

Betty: Mise freisin, mise freisin!

Harry: Ceapaim go bhfuair gach duine iad ar fad ceart, bhí sé chomh héasca.

Mark: Agus mar gheall go bhfuair muid 10/10 beidh seans againn dul go dtí an tAonach luath. A Kate, an bhfuil tusa ag teacht?

Kate: Nóiméad amháin... buailfidh mé libh ansin.

[Ritheann na cairde den stáitse go sona]

Múinteoir Bird: Kate, an ndéanfaidh tú gar beag dom le do thoil? D'fhág mé mo mhála sa halla agus thosaigh Aonach na nGairmeacha chéana féin! Cas ar chlé tar éis bhord an spásaire ansin cas ar dheis, ar dheis, ar chlé agus tá tú ansin.

Kate: *[Cuma mheasctha suas uirthi]* Eh, cinnte, fadhb ar bith a mhúinteoir. *(imíonn sí de shiúl)*

Dúntar na cuirtíní.

Radharc 2: *Tús le hAonach na nGairmeacha. Na daoine gairmiúla ar fad taobh thiar de bhoird agus bileoga acu.*
Osclaítear na cuirtíní.

Lá na nGairmeacha ag tosnú. Gach duine ag labhairt as béal a chéile.

Spásaire: Gabhaigí chuig an spás, breathnaigí ar na réalta!

Eolaí: Pléascáin, pléascáin smachtaithe!

Réalt spóirt: Faighigí airgead as a bheith aclaí!

Dearthóir: Cruthaigí éadaí as faic!

Milliúnaí: Saothraigí airgead mór, díol rudaí cúláilte!

[cromann gach duine gairmiúil síos taobh thiar de na boird seachas an spásaire]

Kate: *[Siúlann sí isteach agus cuma chaillte, scaipthe uirthi. Breathnaíonn sí timpeall. Siúlann sí chuig an spásaire]*
An bhfaca tú mála mná thart anseo?

Spásaire: Ní fhaca, ach chonaic mé an ghealach!

Kate: M'anam, an bhfaca?!

Spásaire: Chonaic, chuaigh mé suas sa tointeálaí spáis.

Kate: An raibh a fhios agat i gcónaí go raibh tú ag iarraidh a bheith i do spásaire?

Spásaire: Ní raibh. Ní dhearna mé i gcónaí go maith ar scoil. Tá mé disléicseach. Ach sin ceann de na fáthanna go bhfuil mé chomh maith ag an phost atá agam.

Kate: Cheap mé go raibh gach rud níos deacra de bharr na disléicse.

Spásaire: Bíonn cuid rudaí níos deacra, ach ciallaíonn sé go bhfeicim an pictiúr iomlán go héasca, rud a chabhraíonn liom le coinceap an spáis.

Kate: Tá sé sin thar barr, níor smaoinigh mé air mar sin ariamh.

Spásaire: *[tugann sé bileog di]* Ádh mór le cuardach an mhála láimhe! *[cromann sé síos taobh thiar den bhord]*

[seasann an milliúnaí os comhair boird. Imíonn Kate, ag féachaint thart agus ag cúlú agus buaileann sí leis an mhilliúnaí. Titeann moll mór airgid ar an urlár]

Kate: Ó! Tá brón orm!

Milliúnaí: Tá sé maith go leor, tá neart airgid eile agam, tá mé saibhir! An bhfuil a fhios agat an siopa Smiggle? Is liomsa an gnó sin.

Kate: A thiarcais! Is breá liom an siopa sin. An bhfaigheann tú rudaí saor in aisce?

Milliúnaí: Faighim. Ach is é an rud is fearr ná ag cruthú stáiseantóireacht iontach. Le bheith macánta faoi ba é an stáiseantóireacht an t-aon rud a thaithin liom faoin scoil agus mé ag fás aníos ach shíl mé i gcónaí go raibh cuma leadránach air. Sin mar a tháinig mé ar an smaoineamh.

Kate: Mar sin de, an gciallíonn sé a bheith i do dhuine gnó go mbíonn tú ag smaoineamh go cruthaitheach?

Milliúnaí: Ciallaíonn, cuid mhór de, ach caithfidh tú a bheith in ann pleanáil a dhéanamh, a bheith straitéiseach agus cabhraíonn mo dhisléicse liom é sin a dhéanamh.

Kate: Ó, tá tusa disléicseach freisin.

Milliúnaí: Tá, agus an bhfuil a fhios agat é seo, tá duine as ceathrar POF disléicseach. In amanna bím plúchta leis an pháipéarachas, ach caithfidh mé cabhair a lorg ó na daoine a bhíonn ag obair liom, agus ansin tugaim cabhair dóibh nuair a bhíonn siadsan ag streachailt

Kate: Ó. An gcabhróidh tú liomsa le rud éigin? An bhfaca tú mála corcra in aon áit?

Milliúnaí: Ceapaim go bhfaca mé ceann thall ag na dearthóirí culaithe.

Kate: Go raibh maith agat! *[téann sí go bord na ndearthóirí]*

[Cromann an milliúnaí síos agus seasann an dearthóir suas]

Kate: Gabh mo léithscéal, an bhfuil mála corcra mo mhúinteora agat?

Dearthóir: Níl, is mála é seo a dhear mé do scannán. Scannán mór-ratha a bhí ann agus mar a chéile le mo fearais agus cultacha!

Kate: Cad é mar a smaoinigh tú ar na cultacha sin, tá an méid sin mionsonraí ann?

Dearthóir: Mar is amharc-smaointeoir mé. An uair amháin a fheicim píosa ábhair bím ábalta culaith a chruthú i m'intinn.

Kate: Cad é mar atá a fhios agat gur amharc-smaointeoir thú?

Dearthóir: Féadann sé a bheith mar chuid den diléicse, agus d'oibrigh sé sin amach go maith dom mar bhí dúil agam i gcónaí i gcúrsaí faisin.

Aisteoir: Agus bhí mise sa scannán mór-ratha sin. Mar pháiste bhí dúil agam i gcúrsaí drámaíochta. Ba bhealach domsa é le mé féin a chur in iúl agus chabhraigh sé go mór le féin-mhuinín s'agam. Mar sin de, rinne mé slí bheatha asti. Cheap go leor daoine go raibh mé rud beag aisteach ach tá sé sin maith go leor mar tá sé maith go leor a bheith difriúil fhad is a chreideann tú ionat féin. Smaoiním ar bhealach rud beag difriúil agus in amanna deirim rudaí atá ait do dhaoine ach sin de bharr go n-oibríonn m'inchinn ar bhealach difriúil agus go ndéanaim cumarsáid ar bhealach difriúil freisin. Tá mé néara-éagsúil. Tá inchinn uathach agus disléicseach agam agus is féidir liom rudaí a dhéanamh ar bhealach difriúil ó dhaoine eile. Tá tallann agus ábaltacht pearsanta ag gach duine! In amanna déanann daoine fásta dearmad air sin agus díríonn siad isteach ar na rudaí nach bhfuil muid ábalta a dhéanamh ach tá sé sin amaideach mar go bhfuil rudaí ag GACH DUINE atá siad in ann a dhéanamh go maith.

Kate: Sea! Bheadh an saol chomh leadránach dá mbeimis ar fad mar a chéile. Níor smaoinigh mé air mar sin ariamh!

[Ritheann Leah, Martha agus Betty anonn, cromann an dearthóir síos taobh thiar den bhord]

Ben: Sin tú! Ar smaoinigh tú ar cad é a ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheas tú fásta?

Kate: Níl mé ró-chinnte cad é a ba mhaith liom a dhéanamh.

Harry: Mmm, caithfidh tú a bheith maith ar scoil le dul go dtí an ollscoil agus post a fháil Kate.

[Seasann an réalt spóirt suas]

Réalt spóirt: Mar a tharlaíonn sé, fuair mise post a bhfuil dúil mhór agam ann agus ní dheachaigh mise ar an ollscoil. Bhí a fhios agam agus mé óg go raibh mo chroí istigh sa spórt agus anois imrím d'Éirinn.

Mark: Bhí a fhios agam gur aithin mé thú ó áit éigin.

Réalt spóirt: 'Sea, bhí mé ar an teilifís go minic mar gur bhuaigh mé go leor cluichí.

Betty: Ach nach mbíonn tú buartha nach bhfaighidh tú cúl?

Réalt spóirt: Cinnte ach tá feasacht spásuil iontach agam. Tagann sé óna bheith disléicseach.

Kate: M'anam, tá tusa disléicseach freisin? Tá sé seo thar cinn. Is tusa an ceathrú disléicseach ar bhuail mé leo inniu!

[Seasann an t-aireagóir suas]

Betty: Ní raibh a fhios agam gur féidir leis an disléicse a bheith ina rud maith.

Aireagóir: Ó cinnte. Tá intinní difriúla ag daoine. Caithfidh gur rud maith é sin. Is ar an ábhar sin a bhfuil smaointe difriúla sa saol. Tugtar an néara-éagsúlacht air. Ciallaíonn sé go bhfuil inchinn difriúil againn, bealaí difriúla le bheith ag smaoineamh ar rudaí díreach mar a chéile leis an bhealach a bhfuil dath súl difriúil againn agus go bhfuil cruth sróine difrúil againn.

Mark: Agus cad é a dhéanann tú?

Aireagóir: Bhuel is aireagóir mé. Tá mé uathach agus ciallaíonn sé sin gur réiteoir nadúrtha fadhbanna mé agus gur féidir liom rudaí a chruthú i m'intinn. Feicim na réitigh agus bím ábalta iad a tharraingt agus ansin tógann daoine na rudaí sin. Tá mé diosgraifeach agus cuireann m'inchinn teachtaireachtaí níos soiléire chuig mo bhéal ná chuig mo lámha. Tagann na smaointe amach níos fearr i bhfoirme cainte ná i bhfoirm scríofa.

Mark: Ach cad e mar a chuaigh tú fríd an scoil? Nach raibh ort gach rud a scríobh síos? Sin a chaithfidh muidne a dhéanamh!

Ceapadóir: Bhuel cinnte, bhí orm gach rud a scríobh. Bhí an scolaíocht an-deacair orm, ní hé nár thuig mé ach mar gheall go ndúirt an múinteoir go raibh mé leisciúil. Níor thuig siad go raibh mé ag déanamh an-iarrachta ar fad.

Betty: Tá brón orm gur tharla sé sin duit. B'fhéidir dá ligfimis do dhaoine níos mó cainte a dhéanamh seachas rudaí a scríobh síos go mbeadh an scolaíocht níos

éasca ag gach duine go háirithe daoine cosúil leatsa atá disléicseach.

Ben: Is smaoineamh maith é sin! Cén fáth a ndéanann daoine fásta rudaí chomh deacair sin do pháistí? Nár chóir dúinn rudaí a dhéanamh ar bhealach difriúil le go mbeidh an scoil níos fearr do gach duine?

Kate: Tá cuma mhaith air sin!

Aireagóir: D'fhéadfá féin a bheith i d'aireagóir a Ben! Féach ar do smaoineamh nua! Is cinnte go mbeadh sé níos fearr dá n-athrófar rudaí. Bhí mise i mo dhuine fásta sular thug múinteoir faoi deara cad é ba chúis le mo chuid fadhbanna. Chomh luath is a bhí cead agam ná freagraí a rá amach seachas iad a scríobh d'imigh fadhbanna s'agam. Chabhraigh sé liomsa a bheith i mo chainteoir níos fearr. Chomh maith le rudaí a chruthú bím ag taisteal timpeall na tíre ag labhairt faoin uathachas agus faoin diosgraife.

Mark & Kate: Ó! Tá sé sin chomh cúláilte!

Betty: Mar sin de, is mar gheall ar dhaoine cosúil leatsa atá uathach go bhfuil go leor aireagán againn?

Aireagóir: Tá an ceart agat. Bíonn daoine uathacha an-mhaith ag cruthú rudaí; ealaín, teanga an ríomhclárúcháin, smaointe nua nó úsáideacha cosúil leis an fhón póca.

Ben: Thar barr! Go raibh maith agat as na rud cúláilte sin ar fad a dhéanamh dúinn!

Harry: Gabhaigí i leith, tá eolaí thall ansin ar mhaith liom labhairt leis.

[croitheann na cailíní lámh ar an réalt spóirt agus siúlann siad chuig an eolaí. Cromann an réalt spóirt síos]

Harry: Haigh, cad é faoi a bhfuil post s'agatsa?

Eolaí: Is ceist mhaith í sin. Baineann post s'agamsa le fionnachtáin agus le rudaí a oibriú amach. Caithfidh mé patrúin a lorg agus a fháil amach an bhfuil rud ar bith difriúil leis an eolas atá agam. Sin é an fáth go bhfuil go leor eolaithe disléicseacha ann, tá muid iontach ag tabhairt difríochtaí faoi deara.

Harry: Níl seans ar bith go bhfuil tusa disléicseach. Níl léamh ag daoine disléicseacha fiú!

Eolaí: Mar a tharlaíonn sé tá tú mícheart. Tá léamh ag daoine disléicseacha. Oibríonn ár n'intinní ar shlí rud beag difriúil ach tá muid in ann tabhairt faoi rud ar bith atá muid ag iarraidh.

Kate: Cinnte, tá sé sin fíor!

Betty: Ach níor thuig mé go raibh an disléicse chomh cúláilte.

Kate: Agus cabhraíonn sé leat más dearthóir cultacha thú mar is amharc-smaointeoirí muid rud a chiallaíonn go mbíonn sé níos éasca orainn cultacha agus málaí a chruthú. Dála an scéil, an bhfaca tú mála láimhe corcra? Bhí mé le é a fháil do Mhúinteoir Bird ach bhí na treoracha chomh casta.

Eolaí: Ó, an é seo é? *[cuireann sé suas mála]* Fuair mé é!

Kate: Iontach! Go raibh míle maith agat!

[Ritheann Katie den stáitse]

Dúntar na cuirtíní

***Radharc 3**: Tá Múinteoir Bird ar an stáitse.*
Osclaítear na cuirtíní.

[Ritheann Katie isteach ar bís]

Múinteoir Bird: Ó sin ansin thú!

Kate: Tá fíorbhrón orm gur thóg sé chomh fada sin. Bhí mé trí chéile ag labhairt leis an méid sin daoine iontacha. Bhí Spásaire ann agus Milliúnaí agus Dearthóir Culaithe agus Réalt Spóirt agus Eolaí, Aireagóir, Aisteoir...agus....agus ní chreidfidh tú é seo!

Múinteoir Bird: Cad é?

Kate: Is daoine néara-éagsúla iad na daoine ar fad ar bhuail mé leo, díreach cosúil liomsa! Nuair a dúirt mo mhamaí liom go raibh mé disléicseach cheap mé go gciallaíonn sé nach mbeidh mé go maith ag an scolaíocht, ach mar a tharlaíonn sé níl ann ach go bhfuil cineál inchinn difriúil agam! Ní chreidim go bhfuil a leithéid de phostanna cúláilte ag daoine néara-éagsúla. *[stad agus cuma bhrónach]*

Múinteoir Bird: Cad é atá cearr?

Kate: An gciallaíonn sé sin go caithfidh mé post galánta a bheith agam nuair a fhásaim suas?

Múinteoir Bird: Ní chiallaíonn, is féidir le daoine disléicseacha gach cinéal poist a bheith acu. Is féidir leo a bheith ina múinteoirí cosúil liomsa fiú.

Kate: Cad é? An bhfuil tusa disléicseach freisin? Cheap mé go raibh ar mhúinteoirí a bheith an-mhaith ar scoil?

Múinteoir Bird: Tá mé disléicseach agus bhí orm a bheith ag obair go dian le bheith i mo mhúinteoir. In amanna bím buartha agus mé ag scríobh ar an chlár agus ní féidir liom focal a litriú, ach ciallaíonn an disléicse go bhfuil mé maith ag smaoineamh taobh amuigh den bhosca agus ta sé sin foirfe le bheith i do mhúinteoir maith.

Kate: Tuigim. Tá muid difriúil de bharr na hinchinne atá againn agus is de bharr na ndifríochtaí go bhfuil muid cúláilte.

Dúntar na cuirtíní.

Iniúchadh a dhéanamh ar do charachtar

Tar éis an chéad léimh, tabhair bileog phróifil na gCarachtar (thall) don ghrúpa agus iarr orthu iniúchadh a dhéanamh ar an charachtar a léigh siad.

Foghlaim Leanúnach

Cleachtaigh an dráma ar feadh cúpla seachtaine agus déan é os comhair lucht féachana beo.

Próifíl carachtair

Ainm an charachtair: _____ Aois: _____

Tarraing pictiúr de do charachtar:

- Déan liosta de chuid de na tréithe atá ag do charachtar:_____

  _____

- An bhfuil rudaí is maith leat faoi do charachtar? _____

  _____

- An bhfuil rudaí nach maith leat? _____

  _____

- Cad é mar a dhéanfá cur síos ar an dóigh a smaoiníonn do charachtar agus an dóigh a ndéanann siad cumarsáid? _____

  _____

- An bhfuil rud ar bith a d'athrófá faoi do charactar?_____

  _____

- An bhfuil bealaí a bhfuil tusa cosúil le do charachtar? _____

  _____

- An bhfuil bealaí a bhfuil tusa difriúil ó do charachtar? _____

  _____

Seachtain 5: An fhoghlaim fríd an drámaíocht a atreisiú

An tseachtain seo tá muid ag déanamh forbartha ar théama an glactha rud a ndearna muid iniúchadh uirthi an tseachtain seo caite le script an dráma. Is ionann glacadh agus féinghlacadh agus glacadh le daoine eile. Ciallaíonn glacadh go bhfeiceann miud muid féin agus daoaine eile go cothrom agus go bhfuil gach eispéireas s'againn bailí. Nuair a ghlacann muid linn féin agus le daoine eile ciallaíonn sé go bhfuil dúil againn san indibhidiúlacht agus muid ag glacadh le rudaí comónta daonna. Tuigeann muid go bhfuil muid ar fad difriúil agus nár dhúil dúinn a bheith comhionann nó a bheith mar an gcéanna lena chéile. Ach aithníonn muid go bhfuil muid uilig daonna agus mar sin de go bhfuil muid níos cosúla lena chéile ná difriúil.

Plé faoi 'Aonach na nGairmeacha'

Is féidir na ceisteanna seo a úsáid le plé grúpa a éascú:

1. Cérbh iad na carachtair is fearr leat?
2. Ar fhoghlaim tú rud ar bith nua ón dráma?
3. Sa dráma rinne na carachtair go leor cainte faoin Néara-éagsúlacht. An gceapann tú go roinneann daoine a n-eispéiris den Néara-éagsúlacht le daoine eile?
4. Cad iad na buntáistí a bhaineann le roinnt eispéireas na Néara-éagsúlachta?
5. An raibh tú ag dúil le Múinteoir Bird a rá go raibh sí disléicseach nó an raibh ionadh ort?
6. Tá go leor daoine cáiliúla a bhíonn ag caint faoi eispéireas s'acu ar an Néara-éagsúlacht. An bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith acu?
7. An gceapann tú gur smaoineamh maith é do pháistí eiseamláireacha fásta a bheith ann a labhrann faoina Néaraitíopa?
8. Sa dráma bíonn na carachtair san Aonach ag obair lena láidreachtaí agus an bealach nadúrtha a bhriseann siad isteach ar chainteoir, a smaoiníonn siad agus a dhéanann siad cumarsáid. Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?
9. Cad iad na láidreachtaí atá agat?
10. Dar leat, cad í an teachtaireacht is tábhachtaí sa dráma?

Déan aisteoireacht air!

Roimh dheireadh an dráma forbraíonn féinghlacadh Kate. Nuair a bhuaileann sí le daoine eile cabhraíonn sé léi í féin a fheiceáil go difriúil. Mínigh é seo don ghrúpa.

Roinn do ghrúpa in dhá thacar de pheirí difriúla. Cruthóidh tacar amháin de pheirí, grúpa A, radharcanna nár taispeánadh sa dráma ina bhfásann féinghlacadh duine de na páistí eile.

Cumfaidh an tacar eile de pheirí, grúpa B, radharcanna nár léiríodh sa dráma ina bhfásann ionglacadh carachtar amháin de charachtar eile.

Foghlaim Leanúnach

Déan tionscnamh aonarach nó grúpa ar dhaoine cailiúla le Néaraitíopanna* difriúla.

** Is focal eile é néaraitíopa ar an néareolaiocht.*

Seachtain 6: Ag fágáil daoine ar lár

Bealach amháin a thig linn glacadh a thaispeáint is ea gan daoine a fhágáil ar lár. Ciallaíonn ag fágáil daoine ar lár d'aon turas nó go neamhbheartaithe ag eisiamh daoine ón ghníomhaíocht nó ón chomhrá.

An tseachtain seo beidh muid ag taiscéaladh cén bealach a dtig le bheith fágtha ar lár tarlú agus cad é mar a mhothaíonn daoine nuair a fhágtar ar lár iad.

Cluiche na rialach breise

Roinn an grúpa i ndá leath, Foireann A agus B.

Mínigh don ghrúpa ar fad go bhfuil siad ag imirt cluiche 'gafa' ach i mallghluaiseacht. Tá duine amháin 'air'. Má bhuaileann an duine atá air thú caithfidh tú fanacht reoite go dtí deireadh an chluiche.

Ansin, gabh anonn go foireann A agus mínigh gur féidir duine tú a shaorú trí damhsa amaideach a dhéanamh os do chomhair agus tú reoite. Ná mínigh é seo don ghrúpa eile. Lig don chluiche dul ar aghaidh chomh fada is a bhíonn an t-am agat sa cheacht agus a thugann deis d'fhoireann B tabhairt faoi deara gur tharla rud éigin.

Machnamh

Úsáid na ceisteanna seo leis an comhrá a stiúradh.

1. Cad é an t-eolas a bhí ag foireann A nach raibh ag Foireann B?
2. Cad é mar a mhothaigh sé gan an t-eolas ar fad a bheith agat?
3. Cad é mar a mhothaigh sé an t-eolas a bheith agat agus fios agat nach raibh an t-eolas ar fad ag Foireann B?
4. An raibh Foireann A níos fearr nó níos cliste de bharr go raibh an t-eolas ar fad acu?
5. An ndearna duine ar bith iarracht an rial bhreise a inse d'Fhoireann B?
6. Cad é a dhéanfadh an cluiche níos fearr?

Imir an cluiche arís le moltaí an ghrúpa



Plé:

Úsáid na ceisteanna thíos leis an plé a threoradh:

1. Cad é mar a thaispeánann an íomhá seo eisiamh?
2. Cén fáth a gceapann tú go ndearnadh eisiamh ar an Chrann Nollag?
3. An gceapann tú go ndéantar níos mó eisiata ar dhaoine má bhíonn siad difriúil?
4. Cad iad na bealaí a bhíonn daoine difriúil óna chéile?
5. Ar fhoghlaim tú bealaí ar bith nua gur féidir le daoine a bheith difriúil óna chéile ó thosaigh muid an ar an chlár INCLUDE?

Iarr ar na daltaí aththarraingt a dhéanamh ar an ímha thuas ag léirú ionchuimsithe seachas eisiamh.

Seachtain 7: An tábhacht a bhaineann le daoine eile a ionchuimsiú

An tseachtain seo chaite rinne muid iniúchadh ar cad é mar a mhothaigh sé a bheith fágtha ar lár. An tseachtain seo déanfaidh muid iniúchadh ar cén fáth a bhfuil sé tábhachtach dúinne agus do dhaoine eile ionchuimsiú a chinntiú.

Déan aisteoireacht air

1. Don ghníomhaíocht seo roinntear an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.
2. Tugtar an tasc seo do gach grúpa:

   Déan aisteoireacht ar radharc ina bhfuil tusa agus do chara is fearr (nó cairde má tá 4 sa ghrúpa) ag déanamh rud éigin cosúil le Tic Tok a dhéanamh le chéile, nó damhsa nó scéal greannmhar a chumadh. Tá sibh ag déanamh rud éigin a dhéanann sibh le chéile i gcónaí agus tá an tríú (nó an ceathrú) duine mar dhuine nua sa scoil.

   Seasann an duine nua thart ag féachaint ar bhur ngrúpa ag sóiseáileadh le chéile ach ní thagann siad isteach sa radharc seo.
3. Anois stopann siad na radharcanna agus cuirtear roinnt ceisteanna orthu:

   Cén dóigh gur féidir leis an pháiste nua iad féin a ionchuimsiú sa ghníomhaíocht?

   Cad é mar a thig libhse an ghníomhaíocht a athrú chun é a ionchuimsiú?
4. Tar éis plé gearr déanann na grúpai aisteoireacht ar na radharcanna arís, ach an t-am seo cuirtear isteach na smaointe a tháinig ón phlé agus smaointe ar bith eile atá acu.

Machnamh

Cad é mar a mhothaíonn sé a bheith fágtha amach? Cad é mar a mhothaíonn sé duine a fhágáil amach? Cad é mar a mhothaíonn sé nuair a dhéantar ionchuimsiú ort? Cad é mar a mhothaíonn sé nuair a dhéanann sibhse ionchuimsú ar dhuine eile?

Teachtaireacht i Scéal

Tá Sam X bliana d'aois. Ní maith leo dul ar scoil níos mó. Bíonn roinnt laethanta deacair mar go mbíonn Sam i gcónaí uaigneach. Níl cairde ar bith ag Sam ar scoil cé gur breá leis cairde a bheith ag crothú thart leis ag am lóin. Is áit uaigneach í an scoil do Sam cé go bhfuil sé leis an rang-ghrúpa céanna ó bhí sé 5 bliana d'aois. Ní thuigeann na páistí smaointe agus nósanna Sam i gcónaí. In amanna ceapann Sam gurb iad an t-aon duine a mhothaíonn mar seo. Ní mhothaíonn Sam go bhfuil fáilte roimhe ag na comhráite agus cluichí ag am lóin. Rinne Sam iarracht a bheith páirteach agus ní raibh toradh maith leis. Mothaíonn siad níos measa futhu féin agus is ar éigin a dhéanann siad iarracht níos mó.

Nótaí ar an Ionchuimsiú

B'fhéidir go mbeadh sé cabhrach samhail a bheith ann do dhaltaí freisin. Is smaoineamh maith é i gcónaí eolas a thabhairt ar bhealaí éagsúla agus mar sin de is féidir é a thaispeáint i bhfoirm téacs; é a léamh amach; agus radharcach trí íomhanna nó sraith greannán nó taispeántas a dhéanamh de.

Plé Ranga

An gceapann tú gurb é SAM an t-aon duine sa scoil a mhothaíonn mar seo?

An dtiocfadh le Sam rud ar bith a dhéanamh le cabhrú leis an chás?

An dtiocfadh leis na daltaí ranga rud ar bith a dhéanamh le cabhrú leis an chás?

Cad é mar a bheadh a fhios agat go bhfuil duine sa rang ag mothú mar seo?

Ar mhothaigh tusa ariamh mar a mhothaigh Sam?

Foghlaim leanúnach

Mar rang cumaigí amhrán, dán nó rap darbh ainm 'Fágaimis daoine Istigh.' Is féidir é a mhúineadh don dream óg i bhur scoil/club leis an tábhacht a bhaineann le daoine a fhágáil istigh a léiriú.

Seachtain 8: Peirspictíochtaí a thuiscint

Ciallaíonn ár bpeirspictíocht an chaoi a bhfaigheann muid eispéireas ar ár dtimpeallacht. Tá peirspictíocht difriúil ag gach duine mar go mbíonn eispéireas difriúil ar an domhan ag gach duine. Tá peirspictíocht gach duine bailí agus tá do cheannsa freisin.

Am Pictiúir

Iarr ar an ghrúpa pictiúir nó grianghraf atá acu sa bhaile a thabhairt isteach. Cuir i gcuimhne do na daltaí agus bíodh plean cúltaca agat ar eagla go ndéanann siad dearmad.

Ba chóir gur pictiúr díobh féin atá ann le daoine eile más maith leo ach ní gá.

Gabh timpeall an tseomra agus iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar cén uair a tógadh an grianghraf; cad é a bhí siad in ann a fheiceáil nuair a tógadh an grianghraf; cad é a bhraith agus cad é a mhothaigh siad.

Anois féach ar an ghrianghraf ó pheirspictíocht an ghriaghrafadóra.

Cad é a bhí an grianghrafadóir in ann a fheiceáil nach raibh tusa?

Ar eispéirigh tusa rud nach raibh an grianghrafadóir ábalta a eispéireadh?

Mínigh don ghrúpa cé go raibh tusa agus an grianghrafadóir sa áit chéanna ag an am céanna go raibh eispéiris difriúla agaibh mar gur tháinig sé ó do pheirspictíocht féin.

Nótaí ar an ionchuimsiú
Chabhródh meabhrúcháin le roinnt páistí na pictiúir a thabhairt isteach. D'fhéadfá meabhrúcháin a chur chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí roimh an cheacht. Tá sé tábhachtach plean B a bheith ann ar eagla go ndéanann páiste dearmad air. Mar shampla, d'fhéadfadh siad pictiúr a tharraingt nó labhairt faoin phictiúr cé nach bhfuil sé go fisiciúil acu. Cinntigh dóibh gur féidir é a thabhairt isteach am éigin eile sa dóigh nach mbeidh siad trína chéile nó ag mothú gur theip orthu.

Is smaoineamh maith é roghanna a thabhairt dóibh ó thaobh na ngrianghrafanna a roinnt. D'fhéadfadh labhairt os comhair daoine eile beaguchtach a chur ar dhuine agus thiocfadh leis imní a chruthú. Tá sé tábhachtach go mothaíonn na páistí compordach i rith an ama agus b'fhéidir gurbh fhearr leo scríobh faoi, pictiúr a tharraingt nó físeán a dhéanamh sa bhaile agus é a thaispeáint don rang. B'fhéidir go mbeadh sé níos éasca orthu inse duitse faoi gan lucht féachana a bheith ann nó b'fhéidir a bheith mar phéire le cara sa dóigh is nach mothaíonn siad an oiread sin uaignis.

Déan Aisteoireacht Air - Seinn, Téigh Siar, Sos agus Athsheinn

Roinn an grúpa in ngrúpaí beaga de 3 nó 4. Iarr orthu radharc scannáin a chruthú. Sa radharc éiríonn páiste darb ainm Frankie an-fheargach lá amháin. Tá an-imní ar mhúinteoir Frankie agus ceapann siad go bhfuil Frankie ag dul thar fóir. An t-aon rud a tharla ná gur leag duine buidéal uisce Frankie den bhord.

Dáil amach na carachtair seo a leanas:

Carachtair:

1. Múinteoir
2. Duine a leag an buidéal uisce
3. Frankie
4. Féachadóir (nó níos mó ag brath ar uimhreacha sa rang).

1. Seinn

Iarr ar gach grúpa an radharc a ullmhú agus ansin aisteoireacht a dhéanamh air. Tar éis do gach duine cleachtadh amháin a dhéanamh air...

2. Téigh Siar

Iarr ar na daltaí dul siar ar an radharc go dtí an pointe sular tharla an eachtra. Déan radharc a thaispeánann cad é a tharla do Frankie níos luaithe sa lá.

Is féidir leis na daltaí sna grúpaí na ceisteanna thíos a úsáid le iniúchadh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí Frankie:

An raibh an buidéal uisce tábhachtach do Frankie?

Cad é a tharla níos luaithe sa lá?

An raibh oíche mhaith chodlata ag Frankie?

An é seo an chéad uair a leag nó a rinne duine éigin damáiste do shealúchais Frankie?

3. Sos

Déan athaisteoireacht ar an chéad radharc sa scannán agus brúigh sos ag pointí difriúla. Fiafraigh de do ghrúpa, 'an bhféadfadh duine ar bith rud difriúil a dhéanamh?

4. Athsheinn

Cruthaigh radharc nua ina n-úsáidimid na smaointe ó Téigh Siar agus Sos le timpeallcht ranga níos fearr a chruthú do Frankie agus do gach duine eile freisin!

Seactain 9: Mé féin a chuimsiú

Tá muid ag foghlaim le coicís anuas faoin tábhachtacht atá la daoine a chuimsiú, ciallaíonn sé seo tú féin a chuimsiú freisin. An tseachatin seo beidh an fócas ar cé chomh hiontach is atá muid. Is í ár n-indibhidiúlacht a dhéanann áit álainn den domhan.

Déan Fógra YOUtube

Mínigh don rang go gciallaíonn gach duine a chuimsiú tú féin a chuimsiú san áireamh. In amanna má fhágtar ar lár muid mothaíonn muid nach fiú muid a chuimsiú. Tá tréithe agus pearsantachtaí iontacha ag gach duine.

Sa ghníomhaíocht aonair seo tá gach duine ag dul a chruthú fógra a chuireann a dtréithe iontacha pearsanta chun tosaigh. Is tasc sultmhar é seo agus mar sin de is féidir leis na páistí a bheith cruthaitheach agus rudaí amaideacha futhu féin a roghnú agus tallann s'acu a thaispeáint do gach duine. Is féidir fógraíocht a dhéanamh orthu féin ag praghsanna iontacha fiú!

Seo sampla beag:
Is mise Orla agus ba chóir duit mé a cheannacht. Tá ceann de na pearsantactaí is tarraintí agam a ligeann dom mo chairde a chur ag gáire. Is breá liom dul ar eachtraí agus thabharfainn tusa liom. Rud eile iontach fúm ná go bhfuil mé ábalta lámhcleasaíocht a dhéanamh le sé liathróid ag an aon am amháin. Tá mé in ann rothar a úsáid agus tá uilinneacha iontacha agam!!

Nótaí ar an ionchuimsiú
Bheadh sé cabhrach agus thabharfadh sé deimhniú do na daltaí dá gcumfadh an t-éascaitheoir fógra futhu féin. Bheadh sé go maith freisin ról éagsúil a bheith ann do pháistí nach bhfuil compordach leis an tasc seo. Mar shampla, d'fhéadfadh siad é a dhéanamh le páirtnéir agus d'fhéadfadh fógraí a dhéanamh faoina chéile. Nó d'fhéadfadh páiste a bheith ina scannánaitheoirí nó ról a ghlacadh ag cur i gcéill go bhfuil siad ag déanamh taifeid ar na cuir i láthair.

Meaisín na hionchuimsithe

Roinn an grúpa i mbeirteanna. Déanann gach beirt pictiúr de mheaisín draíochta ar phíosa mór páipéar. Gineann an meaisín smaointe de rudaí is féidir a dhéanamh má bhíonn tú ag mothú fágtha ar lár. Faoi nó timpeall ar an phictiúr cum straitéisí a chabhródh leat le go mothófá níos cuimsithe.

Is féidir rudaí a bheith ann a déarfá féin le grúpa le go mbeifeá rannpháirteach ann, topaicí nó ábhair a bhfuil suim agat iontu, nó rud éigin is féidir leat a dhéanamh seachas a bheith páirteach sa ghrúpa.

Nuair a bhíonn gach duine críochnaithe fiafraigh díobh cad iad na straitéisí atá acu agus déan liosta díobh ar fad

Machnamh:

Úsáid na ceisteanna thíos le plé a stiúradh:

1. Cé mhéad straitéis ionchuimsithe a rinne ár meaisín?
2. An bhfuil ceann ar bith de na straitéisí a d'oibreodh 100% den am?
3. Ar chruthaigh aon ghrúpa eile straitéis a ba mhaith leat triail a bhaint as?
4. Ar chruthaigh aon ghrúpa straitéis nár mhaith leat triail a bhaint as?
5. An gceapann tú go bhfiuil sé éasca tú féin a chuimsiú má bhíonn tú fágtha ar lár?

Meaisín an ionchuimsithe a thógáil

Anois agus na straitéisí ar fad curtha le chéile againn, tá muid a dul a dhéanamh meaisín beo. Tosaigh le dalta amháin ag déanamh fuaim agus geáitsíocht simplí in-athdhéanta (mar bualadh bos agus ag déanamh na fuaime óóóóóó).

Mínigh don rang gur féidir le dalta eile a bhfuil smaoineamh eile gluaiseachta acu ceangal a dhéanamh leis an chéad gheáitsíocht. Déanann an dara dalta fuaim nua agus gluaiseacht a bhfuil ceangal fisiciúil aige le gluaiseacht an chéad dalta.

Tagann gach dalta isteach le fuaim nua agus gluaiseacht ceangailte leis na gluaiseachtaí eile ar bhealach éigin go gtí go bhfuil gach duine páirteach i gcruthú an mheaisín.

Seachtain 10: An t-ionchuimsiú i dtimpeallacht na foghlamtha

Plé

Úsáid na ceisteanna thíos le plé a stiúradh:

1. Cad é mar a thig le páistí scoil nó club níos ionchuimsithe a chruthú?
2. Cad é mar a thig le daoine fásta scoil nó club níos ionchuimsithe a chruthú?
3. Cad é mar a thig le páistí agus le daoine fásta a bheith ag obair le chéile le scoil nó club níos ionchuimsithe a chruthú?
4. An bhfuil daoine ann atá muid ag fágáil amach as ár ngrúpa?
5. An bhfuil éagsúlacht in easnamh sa ghrúpa seo?
6. An bhfuil sibh in ann smaoineamh ar bhealaí gur féidir leis an ghrúpa seo glacadh níos fearr le daoine agus a bheith níos fáiltí do pháistí agus daoine fásta Néara-éagsúla?
7. Cad iad na teachtaireachtaí a d'fhoghlaim sibh ón chúrsa 10 seachtain INCLUDE?

Feachtas Scoile / Club

Iarr ar na daltaí iad féin a roinnt i ngrúpaí beaga. I bhur ngrúpa, smaoinigí ar bhealach leis an teachtaireacht nó na teachtaireachtaí a roinnt a d'fhoghlaim sibh sa chúrsa INCLUDE. Mar shampla d'fhéadfaí amhrán, mím, rap, ealaín, rím, damhsa, méim, a dhéanamh nó na meáin sóisialta a úsáid nó smaointe ar bith eile atá agaibh dár ndóigh!

Roinn bhur smaointe leis an grúpa

Cuir na smaointe ar fad ó na grúpaí beaga le chéile agus déan feachtas uile-scoile. Is féidir taispeántas ealaíne, óráid a dhéanamh leis an dream óg nó seó do gach duine.

Foghlaim Leanúnach

Cuir leis an fheachtas taobh amuigh den scoil. Cad é mar a thig libh na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim sibh a roinnt le páistí ar chomhaois libhse? Cad é mar a thig libh é a roinnt le bhur dtuismitheoirí? Cad é mar a thig libh é a roinnt le daoine fásta eile cosúil le ceannairí pobail nó polaiteoirí?

Smaointe don Todhchaí

Tá an clár INCLUDE mar bhunchloch chun scoil nó club fíor-ionchuimsitheach a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go mbeidh na teachtaireachtaí inár gclár mar chuid bhuan d'éiteas na scoile nó an chlub.

Seo bealaí áirithe le coinceap na Néara-éagsúlachta a thabhairt isteach sa churaclam:

- Agus sibh ag déanamh iniúchtha ar thopaic, scéal, nó téama nua cuir ceisteanna mar, "Cén Néaraitíopa is ea an duine seo nó, "an gceapann tú gur cumarsáideoir díreach iad an duine sin?" nó, "cad é atá ar eolas againn faoi pheirspictíochtaí an duine sin?" 7rl.

- Má thugann tú faoi deara go bhfuil duine fágtha ar lár an dtiocfadh leat a chur i gcuimhne do do phíoraí faoin chlár INCLUDE agus na straitéisí ar tháinig siad orthu le chéile.

- Má thugann tú faoi deara go bhfuil tionchar diúltach ag an timpeallacht ar dhuine, is é sin an timpeallacht fhisiciúil nó an timpeallacht sóisialta, smaoinigh cad é a thig leat a dhéanamh chun é a athrú.

- D'fhéadfadh sibh ceiliúradh a dhéanamh ar roinnt laethanta ar scoil nó sa chlub. Seo thíos liosta de chuid acu ach ní liosta iomlán é seo:

    - Seachtain na Néara-bhróid a cheiliúradh sa chéad tseachtain de mhí Lúnasa
    - Lá Bhród na nUathach a cheiliúradh ar an 18 Meitheamh
    - Mí an Uathachais a cheiliúradh i Mí Aibreáin (fch nótaí thíos)
    - Lá Domhanda an Uathachais a cheiliúradh ar an 2 Aibreán
    - Lá na Deisléisce a cheiliúradh ar an 8 Deireadh Fómhair
    - Lá na Diosgraife a cheiliúradh i mí Mheán Fómhair
    - Seachtain Chéiliúradh na Néara-éagsúlachta a cheiliúradh
    - Lá feasachta Apraicse a cheiliúradh ar an 14 Bealtaine
    - Lá Bróid an mhíchumais i Mí Bealtaine
    - Lá Domhanda an Síondróm Down ar an 21 Márta

- Is féidir lá, seachatain nó mí na Néara-éagsúlachta a oireann daoibh féin a ainmniú.

An dóigh le ceiliúradh a dhéanamh

Seo cúpla rud arbh fhearr a sheachaint:

Tá sé tábhachtach go bhfuil ceilíuradh ar bith ar aon dul leis an phobal a bhfuil tú ag déanamh ceiliúrtha orthu. Go minic cuireann ceiliúradh dea-thoil le cos ar bholg agus eisiamh an phobail a bhfuil daoine ag iarraidh tacaíocht a thabhairt dóibh.

Tá sé tábhachtach freisin comharthaí na suailce a sheachaint, rud a tharlaíonn nuair a dhéanann daoine gníomh maith ionnas go bhfeictear iad ag déanamh gníomh maith seachas é a dhéanamh le tacaíocht a thabhairt do phobal atá faoi leatrom agus aird a dhíriú ar an éagothroime. Mar shampla, le do thoil ná Las Suas Gorm é don uathachas. Ní thugann pobal an uathachais trí chéile tacaíocht don fheachtas seo. Cuartaigh bealaí le go dtig leat é a lasadh suas ór, dearg nó roghnaigh

do bhealach féin le ceiliúradh a dhéanamh ar dhaoine uathacha agus an áilleacht a thugaimid isteach sa domhan seo. Tá an píosa míreanna mearaí ionsaitheach don phobal uathach, seachain é seo freisin le do thoil. Má tá tú ag cuartú siombail iontaofa úsáid siombail an éigríche don Néara-éagsúlacht, díreach cosúil leis an cheann atá ar T-léine an charactair ghlais ar chlúdach an leabhair seo.

Rud eile le cur sa áireamh is ea cén cinéal feasachta atá tú ag iarraidh ardú. Bheadh sé iontach daoine a chur ar an eolas faoi na teachtaireachtaí atá sa chlár INCLUDE.

Tá sé tábhachtach go leanann aoichainteoir ar bith a thagann chuig an scoil nó an club éiteas an chláir seo. Is ró-fhada atá daoine le dea-thoil nach daoine néara-éagsúla iad féin ag cur le leatrom s'againne tré aineolas a scaipeadh, tré bheith ag labhairt tharainn agus ar ár son.

Rudaí le bheith ag smaoineamh orthu

Déan do thaighde féin agus faigh an t-eolas díreach ón phobal a bhfuil tú ag déanamh ceiliúrtha air. Bí cúramach gan dul le daoine a labhrann ar a son, mar shampla, carthanachtaí agus eagraíochtaí. Is minic a thagann brabús roimh thionchar dearfach. Is minic a bhíonn carthanachtaí ag iarraidh a bhfeachtais féin a chur chun cinn. Cé go ndéanann roinnt carthanachtaí obair mhaith tá gá freisin leis an Néara-éagsúlacht a scarú ó eiseamláir na catharnachta.

Déan cinnte daoine ón phobal a bhfuil tú ag déanamh ceiliúrtha air a chuimsiú ins an dearadh, sna cinntí agus seachadadh an lae, na seachatine, na míosa.

Bí cúramach den fhriotal – mar shampla, tá ciall difriúil idir 'Lá Feasachta an Uathachais' agus 'Lá Bhród na nUathach' nó 'Ag Ceiliúradh Daoine Uathacha'.

Dóigheanna le ceiliúradh a dhéanamh

- Is féidir cuid de na smaointe ó rannóga 'Foghlaim Leanúnach' a roghnú.
- Is féidir roinnt smaointe a iarraidh ar do chuid páistí; gan amhras beidh roinnt mhaith acu
- Is féidir cuid de na pleananna ceachta a athúsáid
- Is féidir ceacht a fháil ó rannóg eile den chlár
- Is féidir cóisir a bheith agaibh
- Is féidir féile a bheith ann ina dtaispeánann gach duine tallann s'acu
- Is féidir ceolchoirm a bheith ann ina gcuireann páistí píosa i láthair a bhaineann le téama na Néara-éagsúlachta
- Is féidir 'Lá na n-éadaí comordacha' a bheith ann nuair a chaitheann gach duine eadaí a bhfuil siad compordach iontu.

Áiseanna molta

Leabhair

Standing Up for Myself - Evaleen Whelton

The Konnect Series - Evaleen Whelton

The Autistic Trans Guide to Life - Yenn Purkis & Wenn B. Lawson

The Secret Life of Rose: Inside An Autistic Head - Jodie and Rose Smitten

The PDA Paradox - Harry Thompson

Avoiding Anxiety in Autistic Children - Luke Beardon

Loving Your Place on the Spectrum - Jude Morrow

The Reason I Jump - Naoki Higashida

It's an Autism Thing, I'll Help you Understand - Emma Dalmayne

Susie Spins - Emma Dalmayne

Bloganna and suíomhanna gréasáin:

www.ausometraining.com

www.konfidentkidz.ie

https://infinitediversity.home.blog/

https://www.belongto.org/

Foirm Aiseolais don chlár INCLUDE

Cabhraigh linn a bheith ag feabhsú...

Tá muid tiomanta d'fhás agus d'fhorbairt leanúnach s'againne. Bheadh sé sárchabhrach dá líonfá isteach an fhoirm agus cóip a sheoladh chuig **info@konfidentkidz.ie**

1. Cad é mar a chuala tú faoin Chlár INCLUDE? _____

   _____

2. An raibh na nótaí intreora éasca a leanúint? _____

   _____

3. Ar cheap tú go raibh go leor eolais san intreoir? _____

   _____

4. Ar cheap tú go raibh Nótaí ar an Ionchuimsiú cabhrach? *(Ciorclaigh)*

   Iontach cabhrach / Rud beag cabhrach / Gan a bheith cabhrach ar chóir ar bith

5. Cé chomh héasca is a bhí sé na ceachtanna a leanúint?
   (scór de 1 go 5, 5 an ceann is éasca) _____

6. Ar cheap tú go raibh na ceachtanna feiliúnach do d'aoisghrúpa? *(Ciorclaigh)*

   An-fheiliúnach / feiliúnach den chuid is mó / rud beag feilíunach / gan a bheith feiliúnach

7. An bhfuil moltaí feabhsúcháin ar bith agat?_____

   _____

   _____

8. An raibh sé éasca ar na páistí dul i dteagmháil leis an chlár? *(Ciorclaigh)*

   An-éasca / éasca den chuid is mó / píosa beag / Ní mórán

9. Cén aoisghrúpa ar oibrigh tú leo? _____

10. An bhfuil amanna nótáilte a ba mhaith leat a roinnt linn? _____

    _____

    _____

    _____

    _____

ar aghaidh thall

11. Ar tháinig athrú ar bith dearfach ar do scoil nó ar do chlub ón chlár?

_____ *(scór de 1 go 5, 5 an t-athrú is mó)*

12. An mbeifeá ábalta inse dúinn faoi na hathruithe sin? _____

_____

_____

_____

13. Cad í an phríomhfhoghlaim a tharla ón chlár INCLUDE? _____

_____

_____

14. An bhfuil aon eolas breise agat dúinn? _____

_____

_____

_____

Le do thoil, líon isteach an fhoirm seo má tá tú sásta go n-úsáide muid do theistiméireacht le cabhrú linn an clár INCLUDE a chur chun cinn.:

D'ainm: _____

Post: _____

Ainm do scoile / Chlub: _____

Do ráiteas faoin chlár: _____

_____

_____

_____

_____

Míle buíochas as a bheith páirteach in athrú dearfach agus as spás a roinnt linn agus ceangal a dhéanamh linn tríd an chúrsa seo.

Déanfaidh muid áit níos fearr den domhan le chéile.



"As a parent to a Neurodivergent child it makes me genuinely emotional to see the work Evaleen and Orla have put into this to really work to improve inclusion. Not the buzzword, real inclusion. Every school needs a copy of this."

- Trina Golden

Principal, Owenabue Educate Together School

Visit **www.ausometraining.com** for **THRIVE** whole school training and courses for teachers and teaching assistants.

AUsome Training
Inspiring Change

Konfident KIDZ